Leabharlann Chester Beatty

# 2007-2008
## Tuarascáil na nIontaobhaithe

07

08

# Clár Ábhair

## 2007




Iontaobhaithe na Leabarlainne 4
Forléargas 5
Bailiúcháin agus Taispeántais 5
Oideachas agus For-rochtain 6
Ag Breathnú ar Aghaidh 6

GNÍOMHAÍOCHTAÍ FOIRNE agus ROINNE
Stiúrthóir 6
Caomhantas 7
Bailiúcháin na hÁise Thoir 10
Bailiúcháin an Iarthair 10
Bailiúcháin Ioslamacha 11
Oideachas 12
Clár Deonach 13
Oibriúcháin 13
Forás 13
Comhaltas 13
Cearta agus Atáirgeadh 14
Teicniúil 14
Gníomhaíochtaí Tráchtála 15

FOIREANN na LEABHARLAINNE 16

CLÁR COMHARDAITHE 17

# Clár Ábhair

## 2008


| | |
|---|---|
| Iontaobhaithe na Leabharlainne | 18 |
| Forléargas | 19 |
| Airgeadú agus Riarachán | 20 |
| GNÍOMHAÍOCHTAÍ FOIRNE agus ROINNE | |
| Stiúrthóir | 21 |
| Forás | 24 |
| Airgeadú agus Riarachán | 24 |
| Bailiúcháin na hÁise Thoir | 25 |
| Bailiúcháin Ioslamacha | 25 |
| Bailiúcháin an Iarthair | 26 |
| Oideachas | 26 |
| Caomhantas | 27 |
| Teicniúil | 28 |
| Comhaltas | 28 |
| Cearta agus Atáirgeadh | 28 |
| Clár Deonach | 29 |
| Foireann na Leabharlainne | 30 |
| CLÁR COMHARDAITHE | 31 |
| Aguisín | 32 |

## IONTAOBHAITHE NA LEABHARLAINNE

***Cathaoirleach***

An Dochtúir TP Hardiman
An Tiarna Marc Cochrane
An Dochtúir Kate Coleman
Dermot Desmond
Joan Duff
An tOllamh Seán Freyne
Elizabeth Maguire
Louise O'Mahony
Madeleine O'Sullivan
An tOllamh Roger Stalley
Aongus Ó hAonghusa

Leabharlann Chester Beatty

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2007

## Forléargas

Ba bhliain tábhachtach í 2007don Leabharlann. Ba é mórthaispeántas *Leonardo: the Codex Leicester*, a d'oscail an tUachtarán McAleese an 12 Meitheamh agus inar cuireadh i láthair an phobail lámhscríbhinní cáiliúla eolaíochta Leonardo da Vinci a tháinig ar iasacht ó Bill Gates, buaicphointe na bliana sa Leabharlann. Ritheadh an taispeántas ar feadh dhá mhí agus tháinig níos mó ná 85,000 cuairteoir; bhí cuimse thuairiscí dearfacha ina leith sna meáin chlóite agus sna meáin chraolta náisiúnta agus idirnáisiúnta. Cuireadh an *Codex* ar taispeáint i ngailearaí an chéad urláir in éindí le hiasachtaí ó Leabharlann Edward Worth, ó Leabharlann Ollscoil Cambridge agus ó Leabharlann Choláiste na Trínóide móide go leor ábhar ó bhailiúcháin na Leabharlainne a roghnaíodh d'aon úim chun comhthéacs a thabhairt d'eolaíocht an Renaissance agus d'obair Leonardo. Cuireadh tús le hathchóiriú ar ghailearaí an chéad urláir mar ullmhúchán do thaispeántas *Leonardo* agus leanadh leis i ndiaidh an taispeántais agus ba réiteach bealaigh é sin do bhuanthaispeántas nua na Leabharlainne, *Arts of the Book* a bhfuil a oscailt beartaithe don bhliain 2008.

I bhfómhar na bliana 2007 ar an 16 Samhain osclaíodh taispeántas mór eile i ngailearaí sealadach na Leabharlainne *One Hundred Aspects of the Moon: Japanese Woodblock Prints le Yoshitoshi*, a tháinig ar iasacht ó Mhúsaem New Mexico; beartaíodh críoch a chur leis i bhFeabhra 2008 ach cuireadh síneadh leis an tréimhse sin go hAibreán 2008. Ba é a Shoilse Keiichi Hiyashi, Ambasadóir na Seapáine a d'oscail an taispeántas mar chuid de cheiliúradh 50 bliain de chaidreamh taidhleora idir Éire agus an tSeapáin a mhair ar feadh bliana. Ghlac an pobal agus na meáin go fonnmhar leis an taispeántais ón tús. I dteannta an dá mhórthaispeántas seo bhí an Leabharlann ina hóstach ar thaispeántas beag de challagrafaíochta nua-aimseartha na hÉireann dar theideal *Art in Ink*, a rith ó 27 Meán Fómhair go dtí 21 Deireadh Fómhair chun 25 bliana ar an bhfód don ghrúpa Peannairí a chomóradh.
De bhreis ar thaispeántais na Leabharlainne féin cuireadh míreanna amach ar iasacht chuig trí cinn de thaispeántais in Éirinn agus thar lear i 2007. Ba iadsan, Gailearaí Chathair Bhaile Átha Cliath, Gailearaí Hugh Lane, the British Library agus Iarsmalann na Sibhialtachtaí Áiseacha, Singapore. I mbliana tá ullmhúchán á dhéanamh ar bhonn leanúnach le haghaidh taispeántas mór iasachta, *Muraqqa', Imperial Mughal Albums from the Chester Beatty Library*, a bheidh ag dul ar thuras Stáit Aontaithe Mheiriceá i 2008-09. Is í an Dochtúir Elaine Wright a cheap an taispeántas agus is í a chaith cuid mhaith den bhliain ag scríobh téacs don chatalóg a ghabhfaidh leis agus a cuireadh isteach i mí Iúil.
Bhí clár taispeántais thar bheith cuimsitheach ag an Leabharlann i 2007 agus is cinnte gurb shin ba chúis leis an méadú ar líon na gcuairteoirí go 252,175 sa bhliain féilire, i gcomparáid leis an 206,695 a tháinig i 2006 agus an 174,000 a tháinig i 2005.

## Bailiúcháin agus Taispeántais

Léirigh taispeántas *Leonardo* go bhfuil oiread measa ar an Leabharlann mar ionad tarraingteach go dtig léi ábhar iasachta spéisiúil agus spreagúil a fháil ar iasacht agus taispeántais a shuiteáil ar aon chaighdeáin leis na cinn is fearr ar domhain. Tháinig níos mó cuairteoirí ná riamh agus rinne na meán náisiúnta agus idirnáisiúnta cuimse thuairisceoireachta ar an taispeántas. Rinneadh athchóiriú ar ghailearaí an chéad urláir chun spás a chur ar fáil don taispeántas agus ba réiteach bealaigh é sin chun athchóiriú iomlán a dhéanamh ar bhuanthaispeántas na Leabharlainne ar an gcéad urláir agus baineadh amach barainneachtaí scála den suntas. Tiocfaidh caighdeán an bhuantaispeántais nua níos fearr le caighdeán an taispeántais, *Sacred Traditions* ar an dara urlár agus beidh bailiúcháin Chester Beatty á dtaispeáint ar bhealach úr agus ar mhodh níos áisiúla.

Rinne an Leabharlann dhá éadáil i 2007 d'fhonn réimsí tábhachtacha na mbailiúchán a fheabhsú. Mezzotint uathúil, *A Tigress,* leis an ealaíontóir Éireannach John Dixon (ag aithris ar phéintéireacht de George Stubbs) agus a chomhlánann sealúchas ghreanadóireachtaí Stubbs na Leabharlainne a bhí sa chéad cheann agus cuirfear ar taispeáint é i ngailearaí athchóirithe an chéad urláir nuair a osclófar é in athuair i 2008. Maidir le héadáil leabhair Shínigh chomhaimseartha dar teideal *Images from Elsewhere (Yangxiang tu),* a rinne an t-ealaíontóir Wang Chao, tá sé le tuiscint mar nasc le taispeántas *Chinese Printmaking Today* na bliana seo caite agus cinnteoidh sé go mbeidh bailiúchán Síneach na Leabharlainne ábhartha i gcónaí.
Tugadh tús áite do dhigitiú bhailiúcháin na Leabharlainne i 2007. Tionóladh cruinniú coiste faoi chathaoirleachas Charles Horton chun staidéar a dhéanamh ar chórais oiriúnacha bhainistíochta inneachair ríomhchuidithe a chuirfear in áit bhogearra seanda na Leabharlainne. Leanadh de scanáil mhícreascannán an bhailiúcháin Arabaigh agus de dhigitiú an bhailiúcháin phéintéireachta Sheapánaigh, *Nara ehon*.
Feabhsaíodh go mór bonneagar theicneolaíocht faisnéise (TF) na Leabharlainne agus dá réir an cumas úsáid éifeachtúil a bhaint as TF chun eolas oideachasúil a chur i láthair an phobail. Mar shampla is as siocair na hinfheistíochta i mbothanna go raibh sé de chumas ag an Leabharlann ábhar closamhairc nuálach a ghabh leis an taispeántas *Leonardo* a chur i láthair agus faisnéis a thabhairt ar bhealach níos tarraingtí agus níos áisiúla do chuairteoirí ar na buanthaispeántais.

## Oideachas agus For-rochtain

D'fheabhsaigh an Leabharlann na cláir Oideachais agus For-rochtana ar bhonn leanúnach i 2007.
Fuair Jenny Siung, Oifigeach Oideachais maoiniú ó Léargas, Gníomhaireacht Oideachais Náisiúnta AE na hÉireann chun páirt a ghlacadh i gcomhpháirtíocht idirnáisiúnta a thaiscéal soláthar foghlama idirchultártha do dhaoine fásta in iarsmalanna; chuaigh sí i mbun oibre freisin le ceithre scoil dara leibhéil i mBaile Átha Cliath d'fhonn ábhar reiligiúnach na Leabharlainne a thaiscéal. Rinneadh DVDanna de thorthaí an dá thionscadal agus scaipeadh iad ar na rannpháirtithe uile.

## Ag Breathnú ar Aghaidh

Phléigh an Leabharlann forbairt thodhchaíoch bhonneagair agus seirbhísí leis an Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta agus le hOifig na nOibreacha Poiblí ar bhonn leanúnach. Cé go ndeachaigh sé rite leis an Leabharlann i gcónaí tabhairt faoi shainghníomhaíochtaí de bharr ganntan foirne d'éirigh go maith léi maoiniú seachtrach a fháil agus chinntigh sin go rabhthas in ann na rudaí is tábhachtaí a thabhairt chun críche ar bhonn leanúnach, eadhon, cúram na mbailiúchán, oideachas agus for-rochtain. Is cúis bhuartha áfach a laghad is atá an fhoireann agus is bagairt leanúnach é ar chumas na Leabharlainne bailiúchán luachmhar poiblí a choinneáil slán agus a chur i láthair an phobail agus na caighdeán is airde a chomhall gach tráth.

## GNÍOMHAÍOCHTAÍ FOIRNE agus ROINNE

### Stiúrthóir

I gcúrsa 2007 thug an Dochtúir Ryan an idirbheartaíocht agus na socruithe maidir les an taispeántas *Leonardo* chun críche agus is é a bhí i bhfeighil an taispeántais i gcomhar lena chomhghleacaithe Charles Horton, an Dochtúir Elaine Wright agus an Dochtúir Shane McCausland. Rinne sé comhordú ar obair thairgthe na catalóige agus scríobh sé cuid mhaith de i gcomhar lena chomhghleacaithe agus leis na haoi-scríbhneoirí, an Dochtúir Michael John Gorman ó Choláiste na Trínóide, an Dochtúir Philip Cottrell agus an t-ealaíontóir cáiliúil Dorothy Cross. Rinne Lisa Lambert taighde breise don taispeántas agus don obair ar an gcatalóg agus ar na painéil eolais. D'fhreastail an Stiúrthóir ar chruinnithe iomadúla le dearthóirí Event Communications i gcaitheamh na tréimhse Eanáir go Meitheamh 2007, agus i mí Márta in éindí le hionadaithe ó Event Communications thug sé cuairt ar Milan d'fhonn an dul chun cinn agus an dearadh a bhí á dhéanamh ar an dá chófra taispeána do *Leonardo,* a bhfuil sé beartaithe iad a shuiteáil i ngailearaí *Arts of the Book* mar ghné bhuan de, a mheas agus a cheadú.
I mí Eanáir thug an Dochtúir Ryan cuairt ar Mhúsaem Idirnáisiúnta Daonealaíne, Músaem New Mexico chun idirbheartaíocht a dhéanamh maidir leis an taispeántas *One Hundred Aspects of the Moon,* a d'oscail sa Leabharlann i Samhain 2007. Tar éis dó bheith ainmnithe mar eagarthóir ar shearmanas bronnta Ghradaim Iarsmalann Eorpach na Bliana agus ar an gcomhdháil a ghabhfaiidh leis i mBaile Átha Cliath i 2008, d'fhreastail an Stiúrthóir ar roinnt réamhchruinnithe chun an imeacht sin agus searmanas bronnta gradaim EMYA in Alicante san Earrach a phleanáil.

D'fhreastail sé freisin ar ócáid oscailte an taispeántais, *Sacred* i Leabharlann na Breataine, áit a raibh míreeanna tábhachtacha ó bhailiúcháin Chester Beatty ar taispeáint.
Ina theannta sin d'fhreastail an Stiúrthóir ar chomhdháil bhliantúil Chumann Iarsmalanna Mheiriceá i Chicago agus ghlac sé páirt i roinnt seimineár faoi oideachas, faoi úinéireacht dhlíthiúil ar ábhar díshealbhaithe, faoi thaispeántas, shlándáil etc.
Bhí sé ag caint ag roinnt comhdhálacha i rith na bliana ar a n-áirítear Comhdháil Chomhairle na nInstitiúidí Cultúrtha Náisiúnta (CNCI), 'Case for Culture' san RDS agus Comhdháil Institiúid Sheandálaiithe na hÉireann i nGaillimh agus thug sé léacht fadaithe i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh. D'fhóin sé go leanúnach mar Chathaoirleach ar an gClár Discovery. Toghadh é mar Bhardach Sinsearach ar Chuideachta Órcheardaithe Bhaile Átha Cliath agus ceapadh é mar Ollamh cúntóra Seandálaíochta i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath thart ar dheireadh na bliana.
D'oibrigh sé ar bhonn leanúnach le Grúpa Meastóireachta Iarsmalann Hunt agus b'eisean go háirithe a réitigh an bealach don Dochtúir Lynn Nicholas nuair a tháinig sí ar chuairt ar Éirinn chun trácht a dhéanamh faoi na líomhaintí a rinneadh i gcoinne Iarsmalann Hunt.
Toghadh é mar Chathaoirleach ar ICOM-Ireland agus is sa cháil sin a d'fhreastail sé ar Chomhdháil Ghinearálta ICOM i Vienna i Lúnasa. D'fhreastail sé freisin ar an gComhdháil, Academia Europaea i Toledo faoi na 'Three Cultures of Spain in the Middle Ages'.
Rinne an Stiúrthóir cuimse agallamh i rith na bliana ar stáisiúin raidió áitiúla náisiúnta agus idirnáisiúnta, ar an teilifís agus sna nuachtáin agus scríobh sé alt gearr don *Irish Times*.

## Caomhantas

D'oibrigh Jessica Baldwin, Bainisteoir Caomhantais, ar bhonn leanúnach ar na taispeántais agus ar na hiasachtaí uile sa Leabharlann, ar a n-áirítear an obair frámála agus shuiteála a bhain le *One Hundred Aspects of the Moon.* Bhí Iníon Baldwin gafa go mór le díshuiteáil agus le hathfhorbairt ghailearaí an chéad urláir agus le tabhairt isteach na gcófra taispeántais nua. Ba í freisin a bhí freagrach as an taispeántais, *Leonardo* agus as comhordú na n- iasachtaí ó Leabharlann Edward Worth, ó Leabharlann Choláiste na Trínóide, agus ó Leabharlann Ollscoil Cambridge. Chuir sí cóir ar gach mír ón Leabharlann a bhí cuimsithe sa taispeántas *Leonardo* agus thosaigh sí ag obair ar na míreanna a bheadh cuimsithe sa bhuantaispeántas, *Arts of the Book.*
I rith na bliana bhí Iníon Baldwin ag obair i gcomhar le coimeádaithe na Leabharlainne ar aon mhír déag a tháinig ar iasacht. Ba iad na taispeántais a bhí i gceist: *Louis le Brocquy and his Masters: Early Heroes, Later Homage* ag Gailearaí Chathair Bhaile Átha Cliath an Hugh Lane; *Sacred: discover what we share* ag Leabharlann na Breataine; *Beauty in Asia: 200 BCE to Today* ag Iarsmalann na Sibhialtachtaí Áiseacha, Singapore. Is éard a bhí i gceist i ngach cás tuarascálacha mionsonraithe a scríobh faoin mbail a bhí ar mhíreanna má ba iomchuí agus iad a phacáil le haghaidh turais, chomh maith le bheith ag gníomhú mar chúiréir nuair a theastaigh.
Chuir Iníon Baldwin léacht i láthair ag comhdháil Chumann na gCartlannaithe i mBéal Feirste. Reáchtáil sí trí cinn de seisiúin oiliúna faoin bplean tubaiste d'fhoireann agus d'oibrithe deonacha na Leabharlainne agus thug ceardlanna i láimhseáil thaispeántán do na baill foirne nua, Hyder Abbas agus Tara Kelly. D'fhreastail sí ar chruinnithe ghrúpa caomhnaithe CNCI agus iarradh uirthi suí ar phainéil agallaimh scéim intéirneachta Chomhairle na hOidhreachta. Lean Iníon Baldwin ar aghaidh leis an obair a bhí ar siúl aici mar chathaoirleach ar Cumann Caomhnóirí agus Athchóiritheoirí na hÉireann (IPCRA) agus ar fhochoiste oiliúna na hInstitiúide um Chaomhnú Saothair Ealaíne Stairiúla in Éirinn (ICHAWI).
Lean Rachael Smith, Comhalta Caomhnaithe leis an taighde a bhí ar siúl aice ar chaomhantas mionphictiúirí Indiacha; bhí turas staidéir ar Leabharlann na Breataine, ar V&A agus ar Leabharlann Bodleian mar chuid de sin. Chuir sí toradh an taighde i láthair i gcainteanna a rinne sí os comhair chomhaltaí na Leabharlainne, oibrithe deonacha agus an phobail i gcoitinne agus scríobh sí alt do *Heritage Outlook* agus aiste do chatalóg *Muraqqa'*. Is ar chaomhnú níos mó ná cúig cinn is trí fichid de mhionphictiúrí agus de lámhscríbhinní Mógalacha a bhí obair phraiticiúil Iníon Smith dírithe agus ullmhúcháin á ndéanamh aici don taispeántais taistil *Muraqqa'* i 2008. Thug sí cúnamh leis na taispeántais agus na hiasachtaí uile agus ghníomhaigh sí mar chúiréir amach i ndáil le hiasachtaí do Iarsmalann na Sibhialtachtaí Áiseacha, Singapore.

1




5

6

7

2

4

3

1. Yoshitoshi, *Moon Above the Sea at Daimotsu Bay* (sonra), Eanáir 1886. Músaem Idirnáisiúnta Daonealaíne, Músaem New Mexico.
2. *Tigress*. Mezzotint le John Dixon ag aithris ar George Stubbs. 1772. CBL Wep 4172
3. Wu Jide (M, r. 1942), *Everlasting Friendship – Lu Xun and Uchiyama Kanzo*, 1980. Chinese Printmaking Today, cat. uimh. 17
4. An Dochtúir François Charette ag taispeáint astrolabe Iaránach na Leabharlainne ón 17 haois déag le linn Seachtain na Matamaice, Éire

**Leonardo: An Codex Leicester**

5. *Leonardo: An Codex Leicester*
6. Leabhair Eolaíochta Chlóite ó Luathaois na hEorpa
7. Téacsanna Eolaíochta Eorpacha
8. Taispeántar socruithe casta an tsoilsithe atá ceaptha lámhscríbhinní a chur ar taispeáint go sábháilte
9. Amharc ginearálta a thaispeánann a dhúshlánaí is atá sé an dearadh a chur in oiriúint don fhannsolas
10. Ag baint úsáide as an bpacáiste ríomhaire idirghníomhach a dhear XCommunications
11. Ag baint suilt as an bpacáiste ríomhaire idirghníomhach




8

10

11

1

Tá síneadh curtha le comhaltas Rachael atá comh-mhaoinithe ag an gComhairle Oidhreachta agus ag Comhaltaí Rannóca na Leabharlainne don dara bliain as a chéile; admhaítear an cúnamh taca fial.
Chaith Karen Horton caomhnóir teicstíle ar chonradh, deich lá ag obair ar fhallaing dragain Shíneach C1057 agus ar theicstíl Bhailineach Bal 1191 mar obair ullmhúcháin do *Arts of the Book* agus do chlúdach teicstíle na lámhscríbhinne, In 22, le haghaidh an taispeántais *Muraqqa'*. Tháinig Ciara McQueirns chuig an Leabharlann i mí Mheithimh le haghaidh socrúchán Samhraidh cúig seachtaine a bhí dírithe ar chaomhnú an chnuasaigh mezzotint a fuarthas le déanaí agus thug sí chun críche obair chóireála ar dhá phrionta is tríocha. Bhí Iníon Smith ag obair ar deich bprionta ón gcnuasach seo freisin. Táthar fós ag déanamh suirbhé deisreachta ar an mbailiúcháin Arabach a bhuíochas thacaíocht dheonach Niamh MacAlister agus Justyna Chmielewska. Ceapadh Kristine Rose mar Chaomhnóir Leabhair don bhailiúchán Turcach ar chonradh bliana atá maoinithe ag Fondúireacht an Teaghlaigh Joukousky agus tosóidh sí ag obair i Márta 2008. Rinne OOP athchóiriú ar an seomra fótagrafach in aice na saotharlainne caomhantais agus bainfear úsáid as le haghaidh caomhnú leabhair agus monarú boscaí.
Bhí ról tábhachtach maidir le cúram na mbailiúchán ag Foireann na bhFreastalaithe go háirithe ag Albert Mason, James Curran agus John Madden san obair leanúnach a bhaineann le taispeántáin a ghléasadh le haghaidh tionscadal agus iad a chur i mboscaí. Rinneadh níos mó ná cúig chéad bosca timfhillteach agus dhá chéad gléasadh. Is tábhachtach an ról atá ag an Uasal Curran agus ag an Uasal Mason maidir le suiteáil agus feistiú ag gach taispeántas.

## Bailiúcháin na hÁise Thoir

Rinne an Dochtúir Shane McCausland, Coimeádaí Bhailiúchán na hÁise Thoir maoirseacht ar iasacht phriontaí Seapánacha do thaispeántas siarghabhálach Louis le Brocquy ag Gailearaí Chathair Bhaile Átha Cliath an Hugh Lane. Chuidigh sé le gléasadh *Leonardo* agus ba é a bhí ina choimeádaí do *One Hundred Aspects of the Moon: Japanese Woodblock Prints le Yoshitoshi*, a tháinig ar iasacht ó Mhúsaem New Mexico. Lean sé den phleanáil do thaispeántais atá le teacht ar a n-áirítear *Arts of the Book*. athshuiteáil na mbuanbhailiúchán; taispeántas iasachta ó Iarsmalann Shanghai don bhliain 2010; agus Taispeántas Taistil ASEMUS, *Self and Other: Portraits from Asia and Europe* (2008-10).
D'eagraigh an Dochtúir McCausland agus ghlac páirt i gclár léachtaí agus turas gailearaí, d'fhreastail sé do léitheoirí agus bhí sé in óstach le linn an cúigiú cuairt a rinne foireann digitiú HUMI.
D'fhreastail sé ar chruinnithe agus/nó thug léachtaí sa Chóiré, i Shanghai, i Hong Kong, sa Téaváin agus san RA.
D'eagraigh sé painéal um péintéireacht cheardlainne ag comhdháil bhliantúil Chumann na Staraithe Ealaíne i mBéal Feirste agus ina dhiaidh sin chuir sé fáilte roimh bhuíon toscairí a tháinig chuig an Leabharlann.
Rinne an Dochtúir McCausland maoirseacht ar fhoilseachán leantach de shamhailchóipeanna phictiúir Sheapánacha na Leabharlainne agus ar ullmhúchán na gcatalóg eile agus ar ríomhthreoir na Leabharlainne. D'fhoilsigh sé trí cinn d'iontrálacha in *The Seventy Wonders of China* (Thames & Hudson) agus téacs léachta ar scrollaí *Chō gonka* na Leabharlainne le Kanō Sansetsu (1591-1651) in *Japan Society Proceedings* (London, 2007). Fuair an Dochtúir McCausland cúnamh sa Leabharlann ó Laura Muldowney, Cúntóir Coimeádaithe páirtaimseartha.

## Bailiúcháin an Iarthair

I 2007 chuidigh Charles Horton le dhá iasacht thábhachta ó thar lear, rinne sé maoirseacht ar thaispeántas phaipírí bíobalta na Leabharlainne agus ar lámhscríbhinní uathúla bíobalta eile i Washington, DC. agus i Londain. Tháinig paipírí Chester Beatty ar ais ó Ghailearaí Freer i Washington, DC. agus i gcomhthráth leis sin bhí siompóisiam san Smithsonian Institution inar léigh an tUasal Horton páipéar faoi Chester Beatty agus faoin mBailiúchán Bíobalta.
Tugadh sealúchais mhóra bíobalta amach ar iasacht uair amháin eile, do Leabharlann na Breataine an geábh seo, le haghaidh an taispeántais, *Sacred: discover what we share*. Chuir an dá thaispeántas seo le hiomrá na Leabharlainne agus tugadh suntas do thaispeántáin Chester Beatty sa dá ionad. Thionlaic an tUasal Horton an Stiúrthóir go dtí an Rembrandthuis, Amsterdam freisin, chun an bealach a réiteach do thaispeántas iasachta phriontaí an mháistir Dhúitsigh sa Leabharlann.

Scríobh an tUasal Horton roinnt iontrálacha do phríomhthaispeántas na bliana *Leonardo*, agus ba éascaitheoir agus coimeádaí é le linn an taispeántais shealadaigh, *Art in Ink: Contemporary Irish Calligraphy*, a chuir saothair scríobhaithe gairmiúla agus amaitéaracha na hÉireann i láthair an phobail.
I rith na bliana d'fhreastail an tUasal Horton ar chúrsaí oiliúna um Bainistiú Tionscadal Digiteach i King's College, Londain, um Chúram Leabhar Ceangailte i Leabharlann na Breataine agus d'fhreastail sé ar Dhianchúrsa Ceannaireachta in Ollscoil Harvard.
Áirítear ar fhoilseacháin an Uasail Horton 'From Time Immemorial: Archives from the ancient world in the Chester Beatty Library' in *Archives and Archivists* arna chur in eagar ag Ailsa C Holland agus Kate Manning, Baile Átha Cliath: Four Courts Press, 2007, lch. 147-154; 'Illuminated Prayers', *Irish Arts Review*, Geimhreadh 2007, lch.168; Ryan, M., et al., *Leonardo da Vinci; The Codex Leicester*.
Taispeántas i Leabharlann Chester Beatty 12 Meitheamh – 12 Lúnasa 2007. Londain: Scala, 2007. Údar comhairleach i ndáil le taispeántáin 11, 13, 14, 15, 16, 17, 19, 21, 24, 25.
Ag eascairt as an mbronntanas a rinne Ronan agus Ann Lambe, d'éirigh leis an Uasal Horton seilbh a fháil ar chnuasach tábhachtach de mezzotinteanna an 18ú haois ó lámh an ealaíontóra Thomas Frye, a rugadh in Éirinn. Tháinig na priontaí uathúla seo ó chnuasach príobháideach an Uasail Onóraigh Christopher Lennox-Boyd sular scaipeadh an cnuasach eisean le ceant. Bhí tarraingt mhór ar na héadálacha seo agus ar bhailiúcháin na Leabharlainne de phriontaí an Iarthair go ginearálta, i gcaitheamh chuairt Fhóram Coimeádaithe Prionta RA a mhair ar feadh lá.
Chuaigh an tUasal Horton ina cháil mar Chathaoirleach ar Choiste Reiligiún an Neasoirthir d'Acadamh Ríoga na hÉireann (RIA) go fuinniúil i mbun oibre ag freastal do Plé Acadúil a rinne an Dochtúir Stephen Emmel, Ollamh le Copteolaíocht ag Ollscoil Münster. Léigh an tOllamh Emmel páipéar dar theideal 'The Discovery of the Gospel of Judas' agus níos deireanaí rinne sé léacht poiblí sa Leabharlann faoi 'Coptic Gnostic Books'. D'fhóin an tUasal Horton freisin ar Bhord Dhaonnachtaí an RIA agus ar a Fhochoiste um Bonneagar Eolaíochtaí Sóisialta agus Dhaonnachtaí.
Rinne an tUasal Horton níos mó ná 40 láithreoireacht do ranna ollscoile, do ghrúpaí foghlama fásta, d'oibrithe deonacha, do Chomhaltaí agus do Phátrúin na Leabharlainne.

## Bailiúcháin Ioslamacha

Ba le téacs a scríobh don chatalóg a ghabhfaidh leis an taispeántas *Muraqqa', Imperial Mughal Albums from the Chester Beatty Library*, a rachaidh ar turas go dtí SAM (Stáit Aontaithe Mheiriceá) i 2008-09 a bhí an Dochtúir Elaine Wright, Coimeádaí na mBailiúchán Ioslamacha, gafa go príomha sa chéad leath de 2007. Cuireadh an téacs críochnaithe ar aghaidh go dtí eagraithe an taispeántais, Art Services International ó Alexandria, Virginia sa chéad seachtain de mhí Iúil. Chomh maith le haistí an Dochtúra Wright cuimsíodh sa téacs aistí le roinnt scoláirí idirnáisiúnta agus le baill foirne eile na Leabharlainne. Scríobh Charles Horton aiste agus scríobh Rachael Smith aiste in éindí le Jessica Baldwin. I mí na Samhna thug an Dochtúir Wright cuairt ar Washington, céad ionad taispeána an taispeántais, chun críche taighde agus d'fhonn bualadh le foireann Ghailearaí Sackler agus le dearthóir chatalóg an *Muraqqa'*. I rith na bliana thug Jill Unkel cúnamh leanúnach don Dochtúir Wright maidir le cúrsaí éagsúla a bhain leis an gcatalóg agus leis an taispeántas agus maidir le cúrsaí coimeádaithe eile; bhí sí fostaithe ar bhonn páirtaimseartha an chuid is mó den bhliain agus ar bhonn lánaimseartha i gcaitheamh míonna an tsamhraidh.
Go luath i mí na Nollag d'fhreastail an Dochtúir Wright ar chomhdháil in Ollscoil Cambridge faoin *Shahnama*, an eipic náisiúnta Peirseach; bhain an chuairt, i bpáirt, le plean a bhí aici do thaispeántas mór de lámhscríbhinní *Shahnama* na Leabharlainne i 2010. Ba é an tionscadal *Shahnama* ar chuidigh an Leabharlann leis, (agus a bhfuil sé d'aidhm leis íomhánna ó na lámhscríbhinní *Shahnama* uile atá ar an saol a chur ar fáil ar an idirlín) a bhí ina óstach don chomhdháil. I gcaitheamh mhíonna an tsamhraidh (2 Bealtaine go dtí 23 Meán Fómhair), cuireadh trí cinn de phéintéireachtaí Indiacha na Leabharlainne ó lár an 17ú céad ar taispeáint in Iarsmalann na Sibhialtachtaí Áiseacha, Singapore mar chuid den taispeántas *Beauty in Asia: 200BCE to Today*.
Tá obair ar an tionscadal lámhscríbhinní Arabacha na Leabharlainne a chatalógú ag dul ar aghaidh, ach de bhrí go mbíonn tascanna práinneacha eile idir lámha ag na scoláirí a d'aontaigh cuidiú leis an tionscadal níor éirigh ach le beirt acu go dtí seo tús a chur leis an gcatalógú.

Duine díobh sin is ea an Dochtúir François Charette agus thug sise cuairt ar an Leabharlann san Fhómhar i ndáil le hobair a bhí sí a dhéanamh ar an tionscadal agus nuair a bhí sí anseo thug sí an léacht *From Abacus to Zenith: The Islamic Mathematical Legacy in Early Modern Europe*, mar chuid de Sheachtain na Matamaitice (Maths Week Ireland); ba é Ionad Chur chun Cinn na Matamaitice, na hEolaíochta agus na Teicneolaíochta (CALMAST) in Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge a d'urraigh an léacht. I mí Iúil is ea a d'fhreastail Elizabeth Omidvaran, Cúntóir do Thionscadail na Lámhscríbhinní Arabacha ar chomhdháil bhliantúil Chumann na Lámhscríbhinní Ioslamacha (TIMA) in Ollscoil Cambridge; tá idir Iníon Omidvaran agus an Dochtúir Wright ina gcomhaltaí ar fhochoiste TIMA maidir le lámhscríbhinní Ioslamacha a chatalógú. I ndáil leis an obair atá ar siúl aici ar Thionscadail na Lámhscríbhinní Arabacha thug an *Centre for the Study of the Book* de chuid Ollscoil Oxford cuireadh don Dochtúir Wright páirt a ghlacadh i siompóisiam um dhigitiú a reáchtáladh go deireanach i mí na Samhna.

## Oideachas

Reáchtáil Jenny Siung, Oifigeach Oideachais roinnt tionscadal in éindí le páirtithe áitiúla, náisiúnta agus Eorpacha. Is i gcomhar le ceithre mheánscoil i mBaile Átha Cliath a cheap Iníon Siung tionscadal a bhí dírithe go háirithe ar bhuanthaispeántas na Leabharlainne, *Sacred Traditions*.

Spreagann an tionscadal seo, *Exploring Different Faiths*, daoine óga chun ábhar reiligiúnach na Leabharlainne a thaiscéal agus chun dul i mbun idirghníomhaíochta leis agus saothair i meáin éagsúla a shaolú de thoradh an chleachtais sin.

Cuireadh na thorthaí ar taispeáint sa Leabharlann i mí an Mheithimh 2007 agus dáileadh DVD ar na rannpháirtithe. Ba iad Meánscoil Mhichíl an Chreidimh Naofa, Fionnghlas, Meanscoil na Toirbhirte Warrenmount, Meánscoil Naomh Pól agus Coláiste Pobail Naomh Tomás, Bré na scoileanna a bhí i gceist. Ba iad Ionad Oideachais na Carraige Duibhe agus Cosáin tríd an Oideachas DIT na páirtithe. Ba í an Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta a mhaoinigh an tionscadal.

Bhí an Leabharlann rannpháirteach ar bhonn leanúnach i roinnt tionscnamh for-rochtana ar a n-áirítear páirtíocht thráthrialta le Féile Chultúir an Domhain i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin i mí Lúnasa agus ceardlanna i mbrainsí áitiúla de Leabharlann Bhaile Átha Cliath agus Ard-Mhúsaem na hÉireann agus Institiúid Scannáin na hÉireann. Bhí ceardlanna ealaíne le téamacha Síneacha, Seapánacha, Indiacha agus Eorpacha ar siúl agus bhí ealaíontóirí ó na pobail il-eitneacha ina éascaitheiorí orthu sin.

Ritheadh clár de cheardlanna do pháistí ar feadh seachtaine i mí Iúil mar chuid den taispeántas *Leonardo*. Chuir Eoin Gill agus Sheila Donegan ó CALMAST an eolaíocht agus an innealtóireacht mar a thaiscéal Leonardo da Vinci iad i láthair. Chuir an scríobhaí Iodálach Massimo Polello ceardlann agus léiriú callagrafaíochta a bhí urraithe ag Pen Corner i láthair sa Leabharlann mar chuid den chlár poiblí a ghabh leis an taispeántas.

D'fháiltigh an Leabharlann roimh Cheoldráma Sichuan i gcomóradh na hAthbhliana Síní. Is i ndiaidh cuireadh a fháil ón bpobal Síneach-Éireannach a tháinig siad go hÉirinn agus d'fhreastail níos mó ná 150 duine ar an léiriú sa Leabharlann. Ar na himeachtaí teaghlaigh eile a bhí ar siúl i rith na bliana bhí Lá Teaghlaigh Chultúr na Téalainne agus Lá Teaghlaigh Diwali.

Thug an Leabharlann chun críche comhpháirtíocht dhá bhliain le heagraíochtaí cultúrtha Eorpacha mar chuid de thionscadal chun foghlaim idirchultúrtha do dhaoine fásta in Iarsmalanna a thaiscéal. Reáchtáladh ceithre sheimineár i ngach tír de na tíortha an chomhpháirtí agus rinneadh DVD chun an próiseas a chur ar taifead. Ba iad Instituto per i Beni Artistici, Culturali e Naturali as Bologna, an Iodáil, Engage, Londain, Imagine IC, Amsterdam agus Settore Educazione al Patrimonio Culturale Citta di Torino, an Iodáil, na páirtithe a bhí i gceist. Ba é Léargas, an Ghníomhaireacht Náisiúnta Oideachais AE a mhaoinigh an clár.

Tugadh cuireadh do Iníon Siung dhá cheardlann a chur ar fáil mar chuid de chomhdháil san RA i mí na Samhna agus rinne sí tagairt do Chlár Oideachas na Leabharlainne lena n-áirítear *Exploring Different Faiths* and *Stories from the Silk Road* (2004). D'ullmhaigh sí agus rinne comheagarthóireacht ar ábhar nuachtlitir na Leabharlainne in éindí le Derval O'Carroll agus Paula Shalloo agus rinne sí maoirseacht leanúnach ar Justyna Chmielewska, comhordnóir deonach na Leabharlainne.

## Clár Deonach

Ba í Justyna Chmielewska a bhí ina Comhordnóir i 2007; is Iaroibrí Deonach í agus chuaigh sí i mbun dualgais sa phost nua i mí Eanáir. Maidir leis na hOibrithe Deonacha ba é naonúr is fiche a líon ag deireadh 2007; bíonn róil thaca thar bheith tábhachtach acu sa Leabharlann ar a n-áirítear cúnamh a thabhairt don Oifigeach Oideachais agus do na Coimeádaithe agus ina gcáil mar Ionadaithe Seirbhíse Cuairteora, mar Threoraithe Turais agus mar Chúntóirí Siopa, seirbhísí a sholáthar don phobal i gcoitinne.

Chuir na seacht dtreoraí is fiche 275 thuras ghinearálta ar fáil do níos mó ná 5,500 cuairteoir. D'eagraigh an Comhordnóir Deonach seisiúin oiliúna speisialaithe ar bhonn míosúla lena n-áirítear turais amach i dtaca le réimsí bailiúcháin, oideachas agus caomhnú. D'admhaigh na hIontaobhaithe agus an Stiúrthóir an ról taca tábhachtach atá ag na hOibrithe Deonacha ag lón ina n-onóir ar Lá Idirnáisiúnta na nOibrithe Deonacha i mí Eanáir.

## Oibriúcháin

I rith na bliana 2007 rinne Derval O'Carroll, Ardoifigeach Oibriúcháin bolscaireachta ar son na Leabharlainne trí fhógraíocht agus chaidreamh poiblí. Bíonn dlúthchaidreamh oibre idir an Leabharlann agus Coyne Communications agus is fíor le rá go dtarraingíonn imeachtaí na Leabharlainne aird eagarthóirí na nuachtán náisiúnta agus lucht raidió agus teilifíse go tráthrialta.

Tháinig 252,000 duine ar cuairt i rith na bliana.

Chaith Iníon O'Carroll cuid mhaith ama ar na hullmhúcháin do thaispeántas samhraidh na Leabharlainne *Leonardo,* lena n-áirítear tabhairt isteach agus rolladh amach rathúil córas ticéadaithe ar líne, idirchaidreamh le conraitheoirí tógála agus leis an OOP, earcú breise, saincheisteanna slándála agus bolscaireacht fhorleathan ar son an taispeántais.

Lean sí ar aghaidh leis na gníomhaíochtaí laethúla ar a n-áirítear na saincheisteanna pearsanra uile a bhaineann le comhaontuithe páirtíochta rialtais agus dámhachtainí pá, bainistíocht laethúil, caidreamh tionsclaíoch agus saincheisteanna oibriúcháin a bhaineann le taispeántais, obair chothabhála, slándáil, seirbhísí cuairteora, cúrsaí pearsanra agus imeachtaí agus cúrsaí miondíola. Bhí sí gafa freisin le athlainseáil shuíomh idirlín na leabharlainne i mí Bhealtaine agus ghlac ról breise mar Eagarthóir Ábhar an tSuímh Idirlín

Shuigh Iníon O'Carroll ar fhoghrúpa Margaíochta CNCI, d'fhreastail sí ar an chomhdháil 'Case for Culture' i mí Mhárta agus ghnóthaigh teastas i nGarchabhair i mí na Nollag.

## Forás

Chuaigh Paula Shalloo, Bainisteoir Forbartha sa tóir ar acmhainní don Leabharlann ón earnáil phríobháideach ar bhonn leanúnach. I 2007 bhuail Iníon Shalloo le roinnt deontóirí agus urraí ionchasacha agus chrom sí ar roinnt iarratas ar dheontais a scríobh lena seoladh amach chuig Fhondúireachtaí in Éirinn agus thar lear. Socraíodh deontas mór ó fhondúireacht Éireannach ar mian léi bheith gan ainm le haghaidh tionscadal oideachais idirchultúrtha a gcuirfear tús leis i 2008. Fuarthas urraíocht chomhchineáil thar a bheith luachmhar ón *Irish Times* agus ó XCommunications don taispeántas *Leonardo*. Chomhaoinigh an Chomhairle Oidhreachta agus Comhaltaí Rannióca na Leabharlainne Comhaltas Caomhantais ar bhonn leanúnach. Bhí VitrA Ireland ina urraí ar an dara léiriú bliantúil de cheol agus d'fhilíocht Thurcach sa Leabharlann.

D'eagraigh Iníon Shalloo clár d'imeachtaí speisialta do Chomhaltaí Rannióca; d'eagraigh sí freisin an dara léiriú bliantúil d'Oíche Thurcach sa Leabharlann agus Féile bhliantúil na gCarúl agus na Léamh. Bhí dlúth-chomhoibriú ar siúl idir í agus Derval O'Carroll agus Margaret Coyne maidir le caidreamh poiblí i rith na bliana.

## Comhaltas

I gcomhchomhairle leis an mBainisteoir Forbartha agus le Coiste an Chomhaltais chuir Mary Dowling, Comhordnóir Comhaltais, clár Comhaltais na Leabharlainne chun cinn ar bhonn leanúnach. Rinne Iníon Dowling comhordnú ar chlár d'imeachtaí ilchineálacha ar glacadh leis go fonnmhar lena n-áirítear sraith de thurais agus de léachtaí sna gailearaithe, a bhí áirithe do Chomhaltaí amháin, a threoraigh an Stiúrthóir, na Coimeádaithe agus an fhoireann Caomhnaithe, chomh maith le roinnt cuairteanna spéisiúla ar institiúidí cultúrtha eile in Éirinn. Ar bhuaicphointí na bliana bhí turas cultúrtha go dtí Milan le breathnú ar thaispeántais agus ar shuímh a raibh baint ag Leonardo leo.

Cuireadh Cóisir Bhliantúil an tSamhraidh ar siúl i mí an Mheithimh agus mar chuid de sin bhí amharc príobháideach ar thaispeántas *Leonardo*. Chuaigh na Comhaltaí ar turas go Londain i mí Mheán Fómhair le breathnú ar thaispeántais i Músaem na Breataine agus i Leabharlann na Breataine; bhain siad an-taitneamh as. Ar chlár an Fhómhair freisin bhí Cóisir Gheimhridh ar téama Seapánach móide amharc príobháideach ar an taispeántas *One Hundred Aspects of the Moon.*

## Cearta agus Atáirgeadh

I 2007 rinne Sinéad Ward comhordú ar íomhánna mar ullmhúchán do chatalóg agus do grafaicí bainteacha le haghaidh thaispeántas taistil na Leabharlainne, *Muraqqa*'. Ullmhaíodh na híomhánna le haghaidh *Islam: Faith, Art, Culture*, foilseachán na Leabharlainne atá le teacht I 2007 freisin.
Go luath i 2007 rinne Iníon Ward maoirseacht ar ghaileararaí íomhá idirlínbhunaithe na Leabharlainne agus bhí baint aici freisin le roghnú na n-íomhánna do shuíomh idirlín nua na Leabharlainne.

Ina theannta sin chuir Iníon Ward ábhar fótagrafach ar fáil agus chaibidiligh sí cúrsaí cearta i ndáil le foilseachán íomhánna na Leabharlainne i leabhair, irisí, ríomhleabhair, ar shuímh idirlín agus i gcatalóga agus grafaicí taispeántais ar fud na cruinne. Bhí go leor íomhánna ón Leabharlann san eagrán Francach de *The Tale of Genji* a bhí lán de léaráidí agus a foilsíodh anuraidh. Éascaíodh taighde acadúil ar shealúchais na Leabharlainne trí íomhánna digiteacha agus micreascannáin a sholáthar do chuimse thaighdeoirí agus institiúidí ar a n-áirítear tionscadal ar an mórchóir maidir le Paipírí Mainicéacha. Le cúnamh ón Leabharlann lean Iníon Ward le taighde páirtaimseartha ar lámhscríbhinní Burmacha i SOAS, Londain dá tráchtas PhD; rinne sí obair allamuigh i Myanmar agus sa Téalainn agus chuir an taighde i láthair ag an gcomhdháil, *Discovery of Ramanya Desa* in Ollscoil Chulalongkorn, Bangkok.

D'oibrigh Frances Narkiewiczmar mar Chúntóir um Chearta agus Atáirgeadh i gcaitheamh na bliana 2007. San obair a bhí ar siúl aici dhírigh sí den chuid is mó ar thaighde agus ar fhorbairt ríomhthreoir na Leabharlainne; rinne sí taighde freisin maidir le híomhánna a d'fhéadfaí a gcur i ngaileararaí íomhá idirlínbhunaithe na Leabharlainne.

## Teicniúil

I gcúrsa na bliana rinne Lorna Tracey, Bainisteoir Teicniúil, imscrúdú ar ghnéithe de Bhonneagar Theicneolaíocht Faisnéise (TF) na Leabharlainne féachaint arbh féidir feabhas nó forbairt a dhéanamh. Chuir sí na cinntí agus na feabhais sin i bhfeidhm ansin i ngach réimse teicniúil a leithéidí feidhmiú, uasdátú/uasghrádú chórais, trealamh agus obair chothabháil. Níor leasc léi cúnamh taca a thabhairt maidir le gach saincheist TF a d'ardaigh an fhoireann inmheánach agus cuairteoirí ar an Leabharlann agus le linn imeachtaí/léachtaí seachtracha.
Bhí Iníon Tracey ar an bhfoireann bhainistithe tionscadail don taispeántas *Leonardo* agus d'athchóiriú ghaileararaí an chéad urláir. Le linn di bheith ag obair ar thaispeántas *Leonardo* d'fhorbair sí agus d'fheabhsaigh sí go leor réimsí TF laistigh den Leabharlann.
Rinne sí maoirseacht ar thionscadail ar chur i bhfeidhm agus ar bhainistiú chóras PA comhtháite, threalamh teilgthe, bhothanna agus fheidhmchláir an taispeántais Leonardo. Bhí athchóiriú iomlán chórais slándála na Leabharlainne de dhíth freisin agus is ise a bhí ag gabháil le heagrú bunachar sonraí agus freastalaí nua ACT le haghaidh córas aitheanta foirne a rialódh rochtain ar limistéir éagsúla ina bhfuil bealaí isteach agus amach as an Leabharlann. Mar chuid den uasghrádú rinne Iníon Tracey maoirseacht ar shuiteáil trealamh agus cúlchóras nua CCTV lena n-áirítear uasghrádú na gceamaraí atá sa Leabharlann cheana féin agus córas nua zúmála sa Leabharlann Tagartha. Dhear sí deasc nua do dhoras an tí agus shuiteáil gach trealamh nua d'fhoireann ticéadaithe bhreise.
Thug sí cúnamh le Córas Bainistithe an Fhoirgnimh agus le rialtóir bogthaise don ghailearaí le linn an taispeántais. Bhí baint ag Iníon Tracey le hathfhorbairt chóras bainistíochta inneachair agus ghaileararaí íomhá nua shuíomh idirlín na Leabharlainne. Shuiteáil sí gléas fótachóipeála, priontála agus scanta don fhoireann uile agus bhí sí gafa leis an trealamh sa seomra nua closamhairc d'Amharclann na Léachtaí agus is í a rinne bainistiú air. Ba é a bhí i gceist leis an obair sin maoirsiú a dhéanamh ar shuiteáil córas closamhairc faoi stiúir lárnach agus ceannachán trealaimh.

Thug Iníon Tracey chun críche cúrsa cúig lá i *Digital Futures* i mí na Bealtaine i King's College, Londain. D'fhreastail sí ar chúrsa oifigiúil Microsoft i mí na Nollag maille le hoiliúint Booksolve do chóras shiopa na Leabharlainne.

## Gníomhaíochtaí Tráchtála

Mhéadaigh acmhainn airgeadais na Leabharlainne agus cuireadh lena hiomrá de thoradh na ngníomhaíochtaí tráchtála leanúnach a bhí ar siúl inti i 2007. Glacann cuairteoirí go fonnmhar le Caifé Bhóthar an tSíoda agus leis an siopa mar ceann scríbe na cuairte ar an Leabharlainne ach tá tuilleadh spás siopa agus breis suíochán de dhíth le go mbeidh an chuairt níos taitneamhaí agus le poitéinsiúil ghníomhaíochtaí tráchtála na Leabharlainne a mhéadú, go háirithe i bhfianaise an mhéadaithe ar líon na gcuairteoirí. Bhí ceithre imeacht is daichead de chineál leath-thráchtála agus trí cinn d'imeachtaí de chineál tráchtála ar siúl sa Leabharlann anuraidh agus ba é €30,029 an glanioncam a gineadh. Ar na himeachtaí suntasach a óstáladh sa Leabharlann i 2007 bhí Féile Fhrancach - Éireannach an Alliance Francaise (28 Aibreán), den cheathrú bliain as a chéile; an dara Oíche Thurcach agus Tráthnóna Cultúrtha Turcach (27 agus 28 Iúil); Comhdháil Cheoil CHIME, Fáilte agus Ceolchoirm (11 – 12 Deireadh Fómhair) agus an chúigiú Féile bhliantúil Carúl agus Léamh (6 Nollaig).

## FOIREANN NA LEABHARLAINNE

**STIÚRTHÓIR:** Michael F. Ryan, MA, PhD, MRIA, FSA
**COIMEÁDAÍ, BAILIÚCHÁIN AN IARTHAIR:** Charles Horton, MA, Diop. Staidéir Chartlainne
**COIMEÁDAÍ, BAILIÚCHÁIN na hÁISE THOIR:** Shane McCausland MA, PhD
**COIMEÁDAÍ, BAILIÚCHÁIN IOSLAMACHA:** Elaine Wright, MA, M. Phil, D. Phil
**LEABHARLANNAÍ TAGARTHA:** Celine Ward, MA, MLIS
**OIFIGEACH OIDEACHAIS:** Jenny Siung, MLitt, Ard-Dioplóma i Riarachán Ealaíon, Ard-Dioplóma san Oideachas Aosach agus Pobail
**ARDOIFIGEACH OIBRIÚCHÁIN:** Derval O'Carroll, MA
**BAINISTEOIR TEICNIÚIL:** Lorna Tracey, BSc
**BAINISTEOIR AIRGEADAIS:** Vera Greif
**BAINISTEOIR CAOMHANTAIS:** Jessica Baldwin
**BAINISTEOIR FORBARTHA:** Paula Shalloo, BA
**CÚNTÓIR PEARSANTA DON STIÚRTHÓIR:** June Lattimore
**CÚNTÓIR SINSEARACH LEABHARLAINNE:** Olivia Lardner, BA, DipLIS; Hyder Abbas
**CÚNTÓIR RIARACHÁIN:** Sinéad Ward, MA, HDip Ard-Dioplóma i Riarachán Ealaíon
**BAINISTEOIR SIOPA:** Antonella Barbati
**COMHORDNÓIR COMHALTAIS:** Mary Dowling
**COMHORDNÓIR DEONACH:** Lisa Fitzsimons, MA
**COMHORDNÓIR DEONACH:** Justina Chmielewska
**CÚNTÓIR COIMEÁDAITHE:** Laura Muldowney, MA
**CÚNTÓIR COIMEÁDAITHE:** Jill Unkel, BA, MS, MPhil
**CÚNTÓIRÍ UM CHEARTA AGUS ATÁIRGEADH:** Catherine Yvard, Frances Narkiewicz

**Freastalaithe**
**PRÍOMHFHREASTALAÍ:** Anthony Hutchings
**FREASTALAITHE SINSEARACHA:** Albert Mason, Kevin Hackett
**FREASTALAITHE:** James Curran, John Madden, Joseph Doyle, Val Kavanagh, David Holmes-O'Byrne, Michael O'Neill, Tony Gallagher, Frank Hyland, Brendan Lynch, David Steele, Martin O'Leary
**CÚNTÓIR COIMEÁDAITHE:** Lisa Lambert, Rie Mishima

**Oibrithe deonacha**
**TREORAITHE TURAIS:** Cathriona Russell, Ciaran O'Leary, Delphine Kelly, Dorothy Dennis, Jack Fitzgerald, Janet Martin, Margaret Sheehy, Michael O'Connell, Orla Ryan, Patricia McCabe, Susan Dillon, Joan Barnewell, Nateghe Moane, Olaf Schneemann, Keiko Marutani
**IONADAITHE SEIRBHÍSÍ CUAIRTEORA:** Brian O'Neill, Colleen Fitzgerald, Hiromi Anzai, Kurt Kullmann, Mairin Cullen, Margaret Brady, Mary Neville, Maura Fennell, Noel Gorman, Pilar Morero, Rita Sutton, Tess Lee
**CÚNTÓIR COIMEÁDAITHE:** Nesta Butler
**CÚNTÓIR OIDEACHAIS:** Andrea Dodd

## CLÁR COMHARDAITHE

**31 Nollaig 2007**

| | | |
|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** | | |
| Sócmhainní seasta inláimhsithe | 1,771,243 | 743,361 |
| Infheistíochtaí | 1,337,130 | 1,408,743 |
| | 3,108,373 | 2,152,104 |
| **Sócmhainní reatha** | | |
| Stoic shiopa | 156,203 | 101,169 |
| Féichiúnaithe agus réamhíocaíochtaí | 26,487 | 28,792 |
| Cuntais taisce bhainc | 765,219 | 1,316,376 |
| Cuntais reatha bhainc | 138,518 | 67,495 |
| | 1,086,427 | 1,513,832 |
| **Dliteanais reatha** | | |
| Creidiúnaithe agus fabhruithe | (352,015) | (277,884) |
| **Sócmhainní reatha glana** | 734,412 | 1,235,948 |
| | **3,842,785** | **3,388,052** |
| **Cistí caipitil agus ioncaim** | | |
| Cistí caipitil | 302,030 | 302,030 |
| Cistí srianta | 1,984,923 | 1,848,148 |
| Cistí neamhshrianta | 267,702 | (121,869) |
| | 2,554,655 | 2,028,309 |
| **Ciste Forbartha** | 1,288,130 | 1,359,743 |
| | **3,842,785** | **3,388,052** |

**Iontaobhaithe**
An Dochtúir TP Hardiman
An tOllamh R Stalley

**Stiúrthóir/Leabharlannaí**
An Dochtúir Michael Ryan

## IONTAOBHAITHE NA LEABARLAINNE

***Cathaoirleach***

An Dochtúir TP Hardiman
An Tiarna Marc Cochrane
An Dochtúir Kate Coleman
Dermot Desmond
Joan Duff
An tOllamh Seán Freyne
Elizabeth Maguire
Louise O'Mahony
Madeleine O'Sullivan
An tOllamh Roger Stalley
Aongus Ó hAonghusa

# 08

Leabharlann Chester Beatty

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2008

## Forléargas

Bhíothas thar bheith gníomhach sa bhliain 2008. Tháinig obair ullmhúcháin ar an mbuantaispeántais nua, *Arts of the Book,* chun críche in am d'oscailt 'réidh' a tharla go comhuaineach le comhdháil bhronnta gradam, Iarsmalann Eorpach na Bliana agus leis an searmanas tíolactha i mí na Bealtaine. Admhaítear tiomantas agus dúthracht na gcoimeádaithe, an Dochtúir Shane McCausland, Charles Horton agus an Dochtúir Elaine Wright in éindí leis an gCeannasaí Caomhantais, Jessica Baldwin, agus lena comhghleacaí, an Ceannasaí Oibriúcháin agus Riaracháin, Derval O'Carroll, agus le baill foirne eile ar a n-áirítear Albert Mason, James Curran agus comhghleacaithe ó fhoireann na bhfreastalaithe le linn na n-ullmhúchán don taispeántas *Arts of the Book***.** Is iad Event Communications a bhainistigh an t-athdhearadh agus is éard a bhí i gceist leis, athchóiriú breise ar struchtúr an ghailearaí, dearadh agus monarú cófraí taispeántais a shaincheap Goppion as Milan agus soilsiú nua. Ba bhuaicphointe chlár na Leabharlainne anseo sa bhaile na hullmhúcháin don taispeántais a thabhairt chun críche ach roimhe sin reáchtáladh taispeántas *Nara ehon*, a raibh an Dochtúir Shane McCausland ina choimeádaí air; cuireadh ar siúl é d'aon uaim i gcomhthráth le comhdháil náisiúnta speisialtóirí i mí Márta a raibh an Leabharlann ina óstach uirthi. Caitheadh seal ag breathnú ar an gcaoi a raibh rudaí ag feidhmiú, rinneadh coigeartú áirithe, agus ina dhiaidh sin d'oscail an tAire Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta, Martin Cullen, TD. an taispeántas go foirmeálta. Tuairiscíodh an taispeántais go forleathan ar an raidió agus ar an teilifís agus bhí an tuairisciú dearfach. Mheas na cuairteoirí go raibh an taispeántas ar fheabhas. Ba é taispeántas *Rembrandt* an taispeántas speisialta sa samhradh – taispeántas oirirc d'eitseálacha ón Rembrandthuis in Amsterdam a bhí ann agus thug ING Ireland go fial dá chúnamh taca. Bhí catalóg raisonné de phriontaí uile an ealaíontóra ag gabháil leis. Is é Charles Horton a bhí ina choimeádaí ar an taispeántas, agus ar na cláir bhainteacha a bhí ar siúl in éindí leis bhí taispeánadh a rinne ealaíontóirí prionta comhaimseartha, bhí léachtaí agus bhí cainteanna sa ghailearaí. D'fhreastail níos mó ná 65,000 cuairteoir ar an taispeántas i gcaitheamh na chéad trí mhí a bhí sé ar siúl.

Tugadh na hullmhúcháin le haghaidh an taispeántais turais, *Muraqqa'* chun críche i 2008 – seo bailiúcháin de phortráidí Mógail na Leabharlainne agus de leathanaigh challagrafaíochta ó albaim Impiriúla réimis Jahangir agus Shah Jahan (a bhfuil aithne níos fearr air ar fud an domhain mar thógálaí an Taj Mahal). Ba í an Dochtúir Elaine Wright a cheap an taispeántas agus is í a scríobh an chuid is mó den chatalóg iontach, a d'ullmhaigh ábhar teicstíle dó agus a rinne maoirseacht ar an ngléasadh in ionaid éagsúla; thug sí léachtaí freisin ar an ábhar. In aitheantas do thábhacht an tionscnaimh thug *Culture Ireland*, a bhfuil urraí flaithiúla aige sna Stáit Aontaithe á thacú, cúnamh i bhfoirm deontais don Leabharlann agus do Art Services International (ASI), Richmond, Virginia chun an tionscadal a chur chun cinn. Is mian leis na Leabharlann a buíochas a ghabháil le bord agus le feidhmeannas *Culture Ireland* as ucht an ghnímh fhlaithiúil a d'aibhsigh cineál idirnáisiúnta shealúchais chultúrtha na hÉireann ina bhfuil déimeagrafaíocht athraitheach na tíre léirithe. Ba é ASI a d'eagraigh an taispeántas sna SA; d'oscail sé ag Gailearaí Sackler sa Smithsonian Institution, Washington, DC, in Aibreán agus tháinig níos mó ná 279,000 duine le breathnú air. Cuireadh ar aghaidh go dtí Detroit níos deireanaí é agus taispeánadh in Institiúid na nEalaíon é. I mí na Nollag bogadh ar aghaidh go dtí Acadamh na nEalaíon i Honolulu é. A bhuíochas dhúthracht an Dochtúra Wright bhí sé ar chumas na Leabharlainne saibhreas an bhailiúcháin Mhógail a chur ar taispeáint sa tír inar rugadh Chester Beatty. Scríobh Charles Horton agus Rachael Smith ábhar don chatalóg freisin agus scríobh Jessica Baldwin dhá chaibidil den téacs. Is í an tSaotharlann Chaomhantais a chaomhnaigh agus a d'ullmhaigh na péintéireachtaí le haghaidh iompar loingis. Rinne Sinéad Ward maoirseacht ar an ngrianghrafadóireacht don leabhar agus chuidigh Jill Unkel leis an obair trí thaighde fótagrafach agus ginearálta.

Ghnóthaigh an chatalóg roinnt gradam in aitheantas ar an dearadh agus ar an scoláireacht. D'fhreastail an Dochtúir TP Hardiman agus ionadaithe Bhord agus fhoireann na Leabharlainne ar ócáid na hoscailte; ba dheis é chun an caidreamh idir an Leabharlann agus Gailearaí Seckler a chur chun cinn. Rinne Stiúrthóir Ghailearaí Seckler, an Dochtúir Julian Raby roinnt moltaí maidir leis na bealaí ab fhearr chun an comhoibriú a fheabhsú.
I dtreo dheireadh na bliana bhí obair ullmhúcháin á déanamh ar an taispeántais ghrúpa, *Artist's Proof* arna eagrú i gcomhar leis an Leabharlann ag Graphic Studio, Baile Átha Cliath. Tá sé beartaithe an taispeántas a oscailt i mí Eanáir 2009. Is é an Dochtúir McCausland a chur i gcrích an idirbheartaíocht le haghaidh an taispeántais, *Telling Images of China*, ó Iarsmalann Shanghai atá beartaithe.
Bhí céim an ullmhúcháin gar do bheith críochnaithe go deireanach i 2008 ar dhá shaothar a bhí an Leabharlann ag foilsiú i gcomhar le Scala books - *Islam: Faith, Art, Culture* leios an Dochtúir Wright agus *Chinese Romance from a Japanese Brush* leis an Dochtúir McCausland; beidh siad sna siopaí go luath i 2009. Tá súil leis go mbeidh an dá leabhar ar fheabhas maidir le dearadh agus maidir leis an tarraingt a bheidh orthu.
Bhí Charles Horton, Celine Ward agus Lorna Tracey ar an gcoiste a d'iniúch córais bhainistithe bhailiúchán (CMS) don Leabharlann agus bhí córas roghnaithe acu faoi cheann na bliana ar mhol siad a chur in áit an tseanchórais CMS.
Tá cruinnithe leis an monaróir beartaithe do 2009 agus tá súil leis go mbeidh an córas suiteáilte faoi lár na bliana. Tá sé beartaithe ag an Leabharlann go mbeidh na sonraithe is tábhachtaí ar an seanchóras bailithe faoi cheann 2009 agus go gcuirfear sonraí saibhrithe isteach de réir a chéile sa chóras nua nuair a bheidh an t-am, an saineolas agus an maoiniú ann chuige sin.

## Airgeadas agus Riarachán

Thug an Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta go flaithiúil dá hairgead taca i rith na bliana ach bhí ciorruithe maidir leis an leithroinnt don Leabharlann mar gheall ar an droch-chaoi ar chúrsaí airgeadais. Is in olcas a bheidh an meathlú ag dul i 2009 agus ní féidir leis an Leabharlann bheith ag súil le gan bheith thíos leis. Is institiúid í an Leabharlann áfach atá in ann maireachtáil ar an ngannchuid agus cé go raibh an caiteachas eisceachtúil i 2008 is léir go mbeidh na hacmhainní a bheidh ar fáil di i bhfad níos lú i 2009-2010. Níl mórán súil leis go mbeifear in ann airgead a fháil ó chuideachtaí príobháideacha agus fiú na fondúireachtaí a thug tacaíocht don Leabharlann san am atá caite tá siad ag fulaingt de bharr an mheathlaithe agus tá siad ag cur srian lena gclár.
In ainneoin sin d'éirigh leis an Ceannasaí Forbartha caidreamh taca a chothú le ING Ireland agus tús a chur le comhráití spéisiúla le roinnt pátrúin ionchasacha chorparáideacha agus phríobháideacha. Is tríd an obair forbartha a d'éirigh leis an Leabharlann cúnamh taca a fháil agus ní mór leanúint ar aghaidh leis an obair sin an tráth is deacra cúrsaí ar an dóigh chéanna a ndéantar nuair is éasca iad chun páirtíocht le daoine aonair agus le lucht gnó a fhorbairt agus chun obair na Leabharlainne a thacú agus a chur chun cinn. Gan tacaíocht ó phátrúin fhlaithiúla níorbh indéanta foireann láidir agus ghníomhach na saotharlainne caomhantais a fhorbairt agus na hacmhainní a fháil lena chur ar chumas na Leabharlainne an taispeántas *Muraqqa'* a bhainistiú sna Stáit Aontaithe.
Tá aird tarraingthe ag na hIontaobhaithe arís is arís eile ar a laghad is atá an bhunfhoireann a dhéanann fónamh di chun an bailiúchán poiblí is luachmhaire in Éirinn a chur i láthair agus a bhainistiú. Is bailiúchán é atá an-éagsúil ó thaobh ábhair agus ní mór cúram speisialaithe a thabhairt di ar go leor bealaí – ar bhonn coimeádaithe, caomhantais, oideachais, slándála agus tís. Leis sin a bhaint amach bíonn an Leabharlann ag brath ar fhoireann chonartha chun na freagrachtaí iomadúla atá aici a chomhall, agus ba chúis mhór bhuartha don Bhord é mura mbeadh sé ar a cumas ag an Leabharlann cúntóirí taighde agus coimeadaithe a fhostú ar conradh. Níl ach duine gairmiúil amháin ar bhuanfhoireann Oideachais na Leabharlainne agus is léir nach leor sin. Níl ann ach buanchaomhnóir amháin agus is suarach an scéal nach bhfuil ach trí choimeádaí ghairmiúla ag an mbailiúchán oirirc agus ilghnnéitheach seo.
Áirítear ar shealúchas na Leabharlainne roinnt bailiúchán atá ar aonchaighdeán leis na cinn is fearr ar domain agus tá sé den ghéar-riachtanas nach rachadh an institiúid agus an náisiún ar leataobh ón dílse d'fhialtas an bhunaitheora agus go gcoinneodh siad slán cáil na hÉireann mar áit ar féidir bronntanais chultúrtha luachmhara a thaisceadh go sábháilte. Tá meathlú á thuar don gheilleagar i 2009 agus is baolach go mbainfidh an frithghníomh a leanfaidh as sin de chumas na Leabharlainne caighdeán cúraim agus léirithe na mbailiúchán a choinneáil ar ardleibhéal.

Tá sé beartaithe ag na hIontaobhaithe drochiarmhairtí mhéadú an chúlaithe a chur ar neamhní a mhéid agus is féidir leis na hacmhainní atá acu ach tá na hacmhainní seo teoranta agus ní fada go mbeidh siad ídithe. Ar na tionscadail a bhfuil sé geallta ag an mBord a gcur i bhfeidhm i 2009 tá an córas bainistithe bailiúcháin TF-bunaithe nua. Is beag líon na foirne agus is cás leis an mBord go mbeadh iarmhairt neamhchomhréireach ar an Leabharlann dá gcaillfí fiú ball oilte amháin den fhoireann. Ní haon áiféis a rá gur beag atá idir dea-bhail na Leabharlainne agus an tubaiste fiú nuair is fabhraí coinníollacha an tsaoil.
I 2008 thionscain an Leabharlann staidéar bliana ar chuairteoirí d'fhonn an phróifíl ab iomláine agus ab fhéidir maidir leo siúd a tháinig go dtí na taispeántais i rith na bliana a chur i dtoll a chéile. Is í Derval O'Carroll i gcomhar le TNS-MRBI a d'eagraigh an staidéar agus tá na torthaí in Aguisín I. Is léir go bhfuil ról tábhachtach ag an Leabharlann maidir leis an turasóireacht cultúrtha in Éirinn agus is ilchineálach, neamhaithritheach agus thar bheith fabhrach an t-aiseolas a fhaightear ón bpobal.
Luaitear agus moltar go haird na spéire í i gcónaí i dtreoirleabhair idirnáisiúnta agus tá sí ar an dá cheann sprice, agus ní raibh ann ach sin, i mBaile Átha Cliath, a fuair trí réalt Michelin mar gheall ar an tarraingt a bhí orthu mar ionaid chultúrtha – rud a chiallaíonn do léitheoirí Michelin gur fiú turas ar Bhaile Átha Cliath mar gheall ar an Leabharlann amháin.
Rinne an Leabharlann an-dul chun cinn i rith na bliana maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar na hoibriúcháin le cúnamh an iniúchóra inmheánaigh agus maidir le gnéithe de phróisis bhainistíochta a neartú le cúnamh agus taca ó na hiniúchóirí bliantúla (PricewaterhouseCoopers). Is den tábhacht a thabhairt faoi deara áfach nach bhfuil ach ball foirne lánaimseartha amháin ag déileáil le hairgeadas agus dá dheasca sin bíonn sé deacair na srianta agus na comharduithe is gá chun cúrsaí airgeadais na Leabharlainne, atá ag éirí níos casta in aghaidh an lae, a fheidhmiú. Arís anseo mar gheall ar a laghad is atá an fhoireann d'fhéadfadh an Leabharlann bheith i mbaol dá mbeadh an Bainisteoir Airgeadais as láthair ar chúis ar bith. D'ainneoin sin is uile éiríonn leis an Leabharlann próiseas an iniúchta a ullmhú agus a thabhairt chun críche gach bliain i mí na Feabhra agus na cuntais a chur faoi bhráid an Choiste Iniúchta agus Airgeadais tráth nach deireanaí ná luath-Aibreán gach bliain. Tugann na hIontaobhaithe dá n-aire áfach agus is cás leo é nach bhfuil cosaint ann sna himthosca mar atá siad agus nach bhfuil aon fharasbarr acmhainne chun próisis airgeadais a scarúint dá chéile. Tá bainistiú na n-institiúidí uile ag éirí níos casta agus cuirtear an uilechineál rialacháin reachtacha agus eile ar an Leabharlann díreach mar a gcuirfí dá mbeadh riarachán mór aici le foireann leordhóthanach. Ní hamhlaidh go bhfuil agus níl sé réasúnach a bheith ag súil leis go mbeadh eagras beag le gan ach creatlach foirne faoi bhrú forchostas riaracháin dá mhéid. Is léir go bhfuil foireann na Leabharlainne ag leibhéal bainistíochta, coimeádaithe, caomhantais agus seirbhíse neamhdóthanach go huile do choinníollacha nua-aimseartha agus tarraingíonn na hIontaobhaithe aird ar an bhfíoras go bhfuil Bailiúchán Chester Beatty, ainneoin an iomraill, ar na bailiúchán is tábhachtaí ar leibhéal na healaíne agus an chultúir agus ar bhealaí eile agus nach bréag a rá gurb é an bailiúchán is luachmhaire atá ar oscailt don phobal in Éirinn.

Tharla athstruchtúrú ar sholáthar foirne na Leabharlainne mar iarracht an fhoireann bhainistíochta a neartú; bunaíodh na postaí, Ceannasaí na mBailiúchán agus Ceannasaí Oibriúcháin agus Riaracháin, agus líonadh iad trí cheapacháin inmheánacha. Cé gur léiriú an t-atheagrúchán go bhfuil an Leabharlann ag éirí níos casta agus go bhfuil na hualaí oibre ag éirí níos déine is lú an éifeacht atá aige nuair nach bhfuil aon mhéadú foirne ag gabháil leis. Mar chuid den atheagrú rinneadh uasghrádú ar na postanna in Oideachas agus sa Leabharlann tagartha chun freagrachtaí agus ualach oibre na rólanna sin a léiriú. Rinneadh athghrádú ar an bpost, Oifigeach um Chearta agus Atáirgeadh, d'fhonn an chastacht mhéadaitheach a bhaineann le bheith ag déileáil le cúrsaí cóipchirt agus digitithe a léiriú.
Cé gur cúis áthais é do na hIontaobhaithe na hathruithe seo a chur i bhfeidhm tá siad den tuairim go bhfuil sé riachtanach i bhfianaise ardchaighdeán agus eicléicteachas na mbailiúchán go mbeidh an fhoireann choimeádaithe agus chaomhnaithe a dá oiread níos mó ná mar atá sí agus go neartófar riarachán na Leabharlainne.

## GNÍOMHAÍOCHTAÍ FOIRNE agus ROINNE

### Stiúrthóir

Tá an Stiúrthóir ina phríomhoifigeach feidhmeannach agus gníomhaíonn sé mar rúnaí do Bhord na nIontaobhaithe agus don Choiste Iniúchta agus Airgeadais. I rith na bliana ghlac sé páirt i gcruinnithe le hoifigigh cheardchumainn agus leis an CGFE (Conaidhm Ghnolachtai agus Fhostoiri Na hÉireann) in éindí le hInín O'Carroll.

1. Taispeántas *Arts of the Book* i gcrích

2. A Shoilse Yvon Roé d'Albert, Ambasadóir na Fraince agus Madame Roé d'Albert in éindí leis an Stiúrthóir, an Dochtúir Ryan, ar ócáid bhronnta suaitheantas aicme Oifigigh Ordú na nEalaíon agus na Litríochta, Nollaig 2008

3. An tOllamh Mikhail Piotrovsky ag tabhairt Léacht Chester Beatty i Halla Naomh Pádraig, Caisleán Bhaile Átha Cliath

4. Charles Horton agus Lisa Lambert ag Léacht Chester Beatty

5. Seamus Hosey, léiritheoir RTÉ, Léachtaí Thomas Davis; Professor Jerusha McCormack, eagarthóir sraithe Léachtaí Thomas Davis; A Shoilse Liu Biwei, Ambasadóir Dhaon-Phoblacht na Síne

6. A Shoilse Liu Biwei; Cathal Goan, Stiúrthóir-Gineárálta RTÉ; Seamus Hosey

**Ócáid Oscailte Thaispeántas *Rembrandt***

7. Taispeánann Charles Horton an taispeántas *Rembrandt* do Martin Cullen, TD, an tAire Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta

8. Charles Horton, Barry Fehily, Stiúrthóir Bainistíochta, ING Ireland, An tAire Martin Cullen, An Dochtúir TP Hardiman, Cathaoirleach Iontaobhaithe na Leabharlainne

9. Aíonna ag baint taitnimh as an bhfáiltiú don taispeántas *Rembrandt*

10. Cuireann na Occasional Singers tús le Féile na gCarúl 2008

**Taispeántas *Muraqqa'***

11. Bealach isteach chuig Ghailearaí Sackler

12. Stiúrthóir Ghailearaí Freer agus Sackler, an Dochtúir Julian Raby, A Shoilse Ambasadóir na hIndia agus Stiúrthóir Leabharlann Chester Beatty ag gearradh an ribín le haghaidh na hoscailte an taispeántas *Muraqqa'*

13. Jill Sackler, an Dochtúir Ryan agus Coimeádaí *Muraqqa'*, an Dochtúir Elaine Wright, ag ócáid na hoscailte

14. An Dochtúir Julian Raby, an Dochtúir TP Hardiman, Cathaoirleach Iontaobhaithe na Leabharlainne agus A Shoilse Michael Collins, Ambasadóir na hÉireann chuig na Stáit Aontaithe ag ócáid oscailte *Muraqqa'*

15. Brendan agus Alison Parsons, iarla agus Cuntaois Rosse (ar chlé agus sa lár), agus an Dochtúir Hwee-san Tan, UCD tráth dá raibh

2

3

4

5

6

7

8

9

10

11

12

13

14

15

In éindí leis an gCathaoirleach agus leis na hIontaobhaithe rinne sé ionadaíocht thar ceann na Leabharlainne ag taispeántas *Muraqqa'* i Washington, DC, agus níos deireanaí fós ag Acadamh na nEalaíon, Honolulu; rinne sé cheithre óráid agus casadh baill an phreasa air le linn na gcuairteanna. Bhí sé rannpháirteach freisin in idirbheartaíocht le haghaidh an taispeántais *Rembrandt* agus le haghaidh an taispeántais *Artist's Proof* in éindí leis an Graphic Studio; chuir sé fáilte roimh roinnt cuairteoirí oirirce ar an Leabharlann agus thug treoir dóibh. Bhailigh sé airgead agus rinne tascanna gaolmhara in éindí le Paula Shalloo, Ceannasaí Forbartha agus shuigh sé ex officio ar choistí laistigh den Leabharlann. I dteannta na hoibre a bhain leis an ualach trom riaracháin a bhí air d'fhóin sé ar Chomhairle na nInstitiúidí Cultúrtha Náisiúnta, mar chomhalta de Bhord an Ghailearaí Glucksman, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh agus mar Chathaoirleach ar ICOM-Ireland; is ina cháil mar Chathaoirleach ar ICOM a d'fhreastail sé ar an gCoiste Comhairleach agus ar an Tionól Ginearálta i bPáras. Ag feidhmiú dó mar phríomheagraí bhí sé sáite go mór in obair phleanála chomhdháil agus shearmanas bronnta Gradam Iarsmalann Eorpach na Bliana i bpáirtíocht leis an Dánlann Náisiúnta agus le Clara Clark, eagraí comhdhála gairmiúil. Is eisean a fuair an t-airgeadú nárbh fhéidir an imeacht a chur ar siúl gan é. D'fhreastail níos mó ná 180 comhghleacaí iarsmalainne ó gach ceard na hEorpa ar an imeacht a bhí faoi phátrúnacht a Soilse, an Bhanríon Fabiola.

Ba é Martin Cullen, Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta, a d'oscail na himeachtaí agus ba é an chéad uair dó ag freastal ar ócáid chultúrtha ó tháinig sé i seilbh oifige. Go deireanach i mí an Mheithimh/luath i mí Iúil ghníomhaigh an Stiúrthóir mar uachtarán ar an gComhdháil Seandálaíochta Domhanda (WAC 6) a tionóladh i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath.
I mí Dheireadh Fómhair toghadh é mar Master Warden i Cuideachta Órcheardaithe Chathair Bhaile Átha Cliath agus i mí na Nollag rinneadh Oifigeach Ordú na nEalaíon agus na Litríochta de i searmanas ag Ambasáid na Fraince.

## Forás

Lean Paula Shalloo léi ag foinsiú acmhainní nua don Leabharlann i 2008, go príomhúil ón earnáil phríobháideach. D'éirigh le hIníon Shalloo urraíocht ar an mhórchóir a fháil don taispeántas *Rembrandt* ó ING Ireland; ba é an chéad uair a rinne an chuideachta sin urraíocht in Éirinn. Thug State Street Foundation agus BSL cúnamh taca don Leabharlann den chéad uair i 2008, thug siad deontais le haghaidh tionscadal Oideachais freisin. D'urraigh CALMAST atá in Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge an dara léacht bliantúil ag an Leabharlann mar chuid de *Maths Week Ireland* (Seachtain na Matamaitice, Éire), i mí Dheireadh Fómhair.
Chuir Comhaltaí Rannóca na Leabharlainne cúnamh taca luachmhar ar fáil don Chaomhantais ar bhonn lelanúnach.
I mí na Feabhra chuaigh Iníon Shalloo in éindí leis an Stiúrthóir go dtí Washington, áit ar fhreastail sí ar dhinnéar arna óstáil ag Ambasáid na hÉireann chun an taispeántas *Muraqqa'* a chur chun cinn; casadh le tacadóirí ionchasacha eile i gceantar Washington í freisin. Le linn an turais sin shocraigh sí agallamh idir an Stiúrthóir agus Trina Vargo, Uachtarán Comhaontas SA-Éire (US-Ireland Alliance) a cuireadh i gcúrsaíocht ina dhiaidh sin mar phodchraoladh chuig lucht tacaíochta an Comhaontais. D'fhill sí ar Washington i mí na Bealtaine le haghaidh ócáid oscailte an taispeántas *Muraqqa'* agus d'eagraigh fáiltiú agus réamhamharc ar thaispeántas i nGailearaí Sackler ar fhreastail níos mó ná 70 aoi air.
Chuidigh Iníon Shalloo leis an Stiúrthóir chun Léacht Chester Beatty, arna thabhairt ag an Ollamh Mikhail Piotrovsky, Stiúrthóir Mhúsaem na hOIdhreachta, St Petersburg, i mí na Feabhra, a eagrú. Ar cuireadh ó Business to Arts rinne sí comhluadar le Fóram Forbartha nua de lucht forbartha gairmiúil ó eagraíochtaí tábhachtacha ealaíon agus cultúrtha in Éirinn agus d'fhreastail sí ar an gcéad chruinniú den Fhóram i mí na Nollag. Bhí dlúth-chomhoibriú ar siúl idir í, Derval O'Carroll agus Margaret Coyne i ndáil le caidreamh phoiblí i rith na bliana agus bhí sí ina comheagarthóir ar nuachtlitir na Leabharlainne i gcomhar le hIníon O'Carroll agus le Jenny Siung.

## Oibriúcháin agus Riarachán

I gcúrsa na bliana 2008 bhí Derval O'Carroll, Ceannasaí Oibriúcháin agus Riaracháin ag obair go dlúth le Coyne Communications ag déanamh bolscaireachta go leanúnach ar son na Leabharlainne trí fhógraíocht agus trí chaidreamh poiblí agus d'éirigh go maith leis sin. Thuairiscigh eagarthóirí nuachtán náisiúnta agus lucht raidió agus teilifíse imeachtaí agus taispeántais na Leabharlainne go leanúnach. Ba é 226,543 líon na gcuairteoirí in aghaidh na bliana.

Chaith sí cuid mhaith ama ar na hullmhúcháin le haghaidh athlainseáil an taispeántais, *Arts of the Book* i mí na Bealtaine agus ar an taispeántas sealadach, *Rembrandt* i mí an Mheithimh, lena n-áirítear idirchaidreamh leis na conraitheoirí tógála agus leis an OOP ar chúrsaí slándála agus bolscaireacht chuimsitheach le haghaidh an dá thaispeántas.
Lean sí ar aghaidh leis na gníomhaíochtaí laethúla ar a n-áirítear na saincheisteanna pearsanra uile a bhaineann le comhaontuithe páirtíochta rialtais agus le dámhachtainí pá, bainistíocht laethúil, caidreamh tionsclaíoch agus saincheisteanna oibriúcháin a bhaineann le taispeántais, obair chothabhála, slándáil, seirbhísí cuairteora, caidreamh tionsclaíoch agus cúrsaí pearsanra agus cúrsaí imeachtaí agus miondíola. Choimisiúnaidh Iníon O'Carroll suirbhé forleathan cuairteora a mhair ar feadh bliana ag tosú i mí Iúil agus choinnigh sí léi freisin ag gníomhú mar Eagarthóir Ábhar an tSuímh Idirlín.
Bhí ról gníomhach ag Iníon O'Carroll i gcónaí san fhoghrúpa CNCI Marketing agus thug sí comhairle go tráthrialta d'institiúidí cultúrtha agus deirféar eile maidir le cúrsaí margaíochta agus pearsanra.

## Bailiúcháin na hÁise Thoir

Bhí an Dochtúir McCausland ina Choimeádaí ar Bhailiúcháin na hÁise Thoir agus is é freisin a chuaigh i mbun an phoist mar Cheannasaí na mBailiúchán i mí Dheireadh Fómhair. Ghléas sé dhá thaispeántas shealadacha. Tháinig *One Hundred Aspects of the Moon: Japanese Woodblock Prints* le Yoshitoshi, ar iasacht ó Mhúsaem New Mexico. Eagraíodh *The Art of Story-telling in Japan, 16-18 céad: Taispeántas Nara ehon ó Bhailiúchán Leabharlann Chester Beatty Library* sa chaoi is go mbeadh sé ar siúl i gcomhthráth le comhdháil idirnáisiúnta ar ar fhreastail níos mó ná 50 scoláire. Bhí sé ina choimeádaí freisin ar roinn na hÁise Thoir den bhuantaispeántas nua *Arts of the Book.* Thug an Dochtúir McCausland cuairt ar Iarsmalann Shanghai agus léigh sé páipéar ansin agus lean sé leis ag pleanáil le haghaidh an olltaispeántais iasachta *Telling Images of China: Narrative and Figure Paintings, 15th-20th Century, ó Iarsmalann Shanghai*, a thagann go dtí an Leabharlann i 2010. Bhí sé rannpháirteach ar bhonn leanúnach i bhforbairt taispeántas ASEMUS agus i dtionscadail idirlín.
D'eagraigh an Dochtúir McCausland agus ghlac páirt i gclár léachtaí agus turas gailearaí. In éindí le RTÉ bhí an Leabharlann ina óstach ar lainseáil na Léachtaí Thomas Davis 2008, *China and the Irish*, tráth ar thug an Dochtúir McCausland léacht. D'fhreastail sé do léitheoirí agus bhí sé ina óstach ar an séú turas na foirne digitithe HUMI.
Chomhoibrigh an Dochtúir McCausland ar leabhar faoi na scrollaí *Chogonka* a fhoilseoidh Scala i 2009 agus rinne sé maoirseacht ar dhá chóip mhacasamhlacha de phéintéireachtaí Seapánacha na Leabharlainne. Ba chomhalta é de choiste feidhmeannach ASIA (Asian Studies Ireland Association) agus ceapadh é ar Choiste an Idirchaidrimh Chultúrtha den Digital Humanities Observatory in Acadamh Ríoga na hÉireann. Fuair an Dochtúir McCausland cúnamh sa Leabharlann ó Laura Muldowney, Cúntóir Coimeádaithe páirtaimseartha.

## Bailiúcháin Ioslamacha

Ar feadh 2008 ba ar chúrsaí éagsúla a bhain leis an taispeántas *Muraqqa', Imperial Mughal Albums from the Chester Beatty Library* a chaith an Dochtúir Elaine Wright, Coimeádaí na mBailiúchán Ioslamacha, cuid mhaith dá lá oibre. D'oscail an taispeántas i nGailearaí Ealaíne Sackler i Washington, DC, an 3 Bealtaine agus ansin in Institiúid na nEalaíon i Detroit an 23 Lúnasa agus in Acadamh na nEalaíon i Honolulu an 17 Nollaig. Rinne an Dochtúir Wright agus Iníon Baldwin maoirseacht ar an taispeántas i Washington agus maidir leis an dá ionad eile ba í an Dochtúir Wright ina haonair a rinne maoirseacht ar an tsuiteáil agus ba í Iníon Baldwin a rinne maoirseacht ar an díshuiteáil ag gach suíomh. Beidh turas an taispeántais timpeall na SA ag leanúint ar aghaidh i 2009. Foilsíodh catalóg an taispeántais, 500 leathanach ar fhad, i mí Aibreáin. A bhuíochas deontais fhlaithiúil ó Fhondúireacht an teaghlaigh Joukouwsky chuir Kristine Rose, speisialtóir i leabharcheangal, tús le hobair ar thionscadal chun lámhscríbhinní deireanacha Otamánacha na Leabharlainne a chaomhnú.
Chuaigh an obair ar Thionscadal na Lámhscríbhinní Arabacha ar aghaidh agus is beag nach bhfuil an catalógú ar na 138 lámhscríbhinn astralaíochta agus réalteolaíochta críochnaithe ag an Dochtúir François Charette agus tá sé beartaithe aici tús a chur le hobair ar lámhscríbhinní na heolaíochta nádúrtha san Athbhliain.

Tá moill i gcónaí ar dul chun cinn na gcatalógaithe eile siocair tascanna práinneacha a bhíonn idir lámha acu ina bpostanna lánaimseartha.
Tá deireadh anois leis an deontas a fuarthas ó Fhondúireacht Getty sa dá bhliain tosaigh den tionscadal agus beifear ag lorg foinsí nua airgeadaithe. Beidh Elizabeth Omidvaran ag obair mar Chúntóir ar Thionscadal na Lámhscríbhinní Arabacha trí lá in aghaidh na seachtaine mar is gnáth di. In éindí leis an Dochtúir Wright d'fhreastail sí sa samhraidh ar chomhdháil bhliantúil Chumann na Lámhscríbhinní Ioslamacha (TIMA) in Ollscoil Cambridge. I mí Dheireadh Fómhair d'fhreastail an Dochtúir Wright ar an gcéad chomhdháil dhébhliantúil de Staraithe na hEalaíne Ioslamaí i Philadelphia.
Lean Jill Unkel mar chúntóir coimeádaithe páirtaimseartha; chrom sí ar chartlann íomhá digití na mbailiúchán Ioslamacha a chur i dtoll a chéile de réir na ndualgas a bhí uirthi. Chuidigh sí freisin leis an Dochtúir Wright chun an roinn Ioslamach den taispeántas, *Arts of the Book* a athshuiteáil.
Rinneadh an eagarthóireacht dheireanach ar leabhar an Dochtúra Wright, *Islam: Faith, Art, Culture*, a scríobhadh don phobal i gcoitinne san Fhómhar; rinne Sinéad Ward ón roinn Cearta agus Atáirgthe go leor oibre freisin ar an tionscadal sin: chuidigh Jill Unkel leis chomh maith agus is í a chuir aguisíní an leabhair i dtoll a chéile.

## Bailiúcháin an Iarthair

Ba ar ath-thaispeáint an bhailiúcháin bhuain in *Arts of the Book* agus athdhearadh na bpainéal téacs le haghaidh ghailearaí na *Sacred Traditions* a bhí na gníomhaíochtaí coimeádaithe dírithe go príomha. Ba é Charles Horton, coimeádaí Bhailiúchán an Iarthair a ghléas an taispeántas iasachta don Rembrandthuis, Amsterdam a tharraing go leor spéise sna meáin agus ar scríobhadh cuimse léirmheasanna ina leith. D'fhreastail sé freisin ar na comhdhálacha a leanas: *Art, Academia, and the Trade*. *The career of Sir Sydney Cockerell (1867-1962)* Iarsmalann Fitzwilliam, Cambridge; an Chomhdháil *LIBER (Slándáil Bailiúchán Leabharlainne)*, Músaem na Breataine, Londain; Comhdháil an American Association for Museums, Denver.
Dheonaigh Michael McCarthy, iar-ollamh le Stair Ealaíne ag UCD atá éirithe as oifig, bailiúchán téagartha de leabhair thagartha faoi Piranesi agus faoi dhéantóirí eile priontaí ón Iodáil, a chuir go mór le bailiúchán na Leabharlainne Tagartha.
Ba chóir a lua go háirithe an cúnamh a fuair an tUasal Horton ón iliomad oibrithe deonacha, go háirithe an Dochtúir Nesta Butler a chuir go mór le doiciméadú bhailiúchán Piranesi na Leabharlainne agus a thug léachtaí faoin mbailiúchán do roinnt grúpaí i rith na bliana. Thug Lois Jenkins (Smith College, Northampton) chun críche a seal mar intéirneach ag gabháil do chartlanna Chester Beatty agus chuidigh Tara Kelly, cúntóir coimeádaithe le doiciméadú agus le hullmhúchán taispeántais.
Chuaigh an tUasal Horton ina cháil mar Chathaoirleach ar Choiste Reiligiún an Neasoirthir, Acadamh Ríoga na hÉireann (RIA) go fuinniúil i mbun oibre ag freastal do Choiste an Acadaimh agus d'fhóin sé freisin ar Bhord Dhaonnachtaí an RIA.
Tháinig an Dochtúir Scot McKendrick Ceann Lámhscríbhinní an Iarthair, Leabharlann na Breataine, ar chuairt ghairmiúil agus phléigh sé réimsí a bhféadfaí comhoibriú amach anseo.
Thug an Dochtúir Rowan Watson, coimeádaí sinsearach maidir le Téacs agus Íomhá sa Leabharlann Náisiúnta Ealaíne ag Músaem Victoria and Albert, léacht faoi bhailitheoirí lámhscríbhinní an naoú haois déag. Tá nasc le fada fada an lá idir an Dochtúir Watson agus an Leabharlann de bhrí go raibh a athair, speisialtóir oirirc maidir le ealaíona Síneacha, ina chomhairleoir don Uasal Beatty maidir lena leabhar um shéad. Ba aoi Chester Beatty an Dochtúir Watson go minic nuair a bhí sé ina bhuachaill óg tráthanna a tháinig a theaghlach go dtí Baile Átha Cliath le hobair a dhéanamh ar an mbailiúchán Síneach. Tá an Dochtúir Watson ag múineadh ag Coláiste na hOllscoile, Londain.
Rinne an tUasal Horton níos mó ná 40 láithreoireacht do ranna ollscoile, do ghrúpaí foghlama fásta, d'oibrithe deonacha, do Chomhaltaí agus do Phátrúin Leabharlann Chester Beatty.

## Oideachas

Cheiliúir an Leabharlann Bliain AE an Idirphlé Idirchultúrtha i 2008 le roinnt tionscadail agus imeachtaí. Orthu sin bhí *Tell Your Story*, tionscadal scéalaíochta idirchultúrtha do pháistí i gcomhar lenár gcomhpháirtí Ionad Ealaíon Draíocht; lainseáil stampa ag An Post ag ceiliúradh Idirphlé Idirchultúrtha; deireadh seachtaine *Manga/Anime* Seapánach agus Lá Teaghlach Cultúir Théalannigh.

Ghlac an Leabharlann páirt freisin i bPáirtíocht Fóghlama Gruntvig in éindí le hiarsmalanna agus le hionaid ealaíon Eorpacha eile. Rinne Jenny Siung, Ceannasaí Oideachais, láithreoireacht faoi oideachas idirchultúrtha ag comhdháil i mBologna agus ag an seimineár Intercultural Ireland sa Bhruiséil i mí na Samhna. Ba iad an Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta, NCCRI, Cultúr Éireann agus an Chomhairle Ealaíon a d'eagraigh an chomhdháil.
Ar chláir eile a bhí ar siúl i 2008 bhí Club Samhraidh an tSeiriceáin le haghaidh páistí ó 6 go 11 bhliain d'aois ina ndeachaigh páistí i mbun idirghníomhaíochta leis an taispeántas *Rembrandt*, seinm cheoil Indiaigh Chlasaicigh, rannpháirteachas i bhFéile Chultúir an Domhain i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin i mí Lúnasa, freastal a rinneadh do scoláire Fulbright, Kara Waxman, a chuir faoi deara go ndearna sí taispeántas de phéintéireachtaí dá cuid a bhí bunaithe ar na bailiúcháin agus gur reáchtáil sí ceardlann damhsa Indiach.

## Caomhantas

Bhí an fhoireann chaomhantais gafa i gcónaí le suiteáil gach mír sna gailearaithe buana agus sealadacha, go háirithe le hathchóiriú ghailearaí an chéad urláir agus le suiteáil an bhailiúcháin sa bhuantaispeántas, *Arts of the Book***.** Ceapadh Kristine Rose mar Chaomhnóir Leabhair don bhailiúchán Turcach; bhí an conradh bliana seo maoinithe ag Fondúireacht an Teaghlaigh Joukousky agus thosaigh an conradh i mhí Mhárta. Rinne Iníon suirbhé deisreachta ar 224 lámhscríbhinní Turcacha, chuir sí straitéis chóireála i bhfeidhm agus chaomhnaigh sí 26 lámhscríbhinn. Thug Rachael Smith chun críche a téarma intéirneachta arna mhaoiniú ag an gComhairle Oidhreachta agus ag Comhaltaí Rannóca na Leabharlainne i mí na Samhna agúis lean sí ar aghaidh ag obair mar chaomhnóir páipéir.
Caomhnaíodh 704 mhír sa tSaotharlann Chaomhantais i 2008. Den iomlán sin glanadh go cúramach 415 bhuidéal stuif le haghaidh grianghrafadóireachta; cuireadh cóir ar 83 mhír lena gcur amach ar iasacht; rinneadh caomhantas iomlán ar 206 mhír le haghaidh taispeántas sa Leabharlann agus le haghaidh cláir leanúnacha caomhnaithe. Maidir le tionscadail eile, rinneadh seiceáil ar an mbail a bhí ar 173 phrionta a bhí ceaptha do thaispeántais iasachta shealadacha *One Hundred Aspects of the Moon: Japanese Woodblock Prints le Yoshitoshi agus Rembrandt: Eitseálacha ón Rembrandthuis*. Chóireáil Karen Horton, caomhnóir teicstíle, fallaing dhragain Shíneach (C1052) mar ullmhúchán do thaispeántas *Arts of the Book* agus rinne sí suirbhé deisreachta agus athphacáil ar cheithre fhallaing dhragain eile. Rinne Lorna Barnes, caomhnóir ceirmeachta, athchóiriú ar vása Síneach a ndearnadh damáiste dó agus rinneadh suirbhé deisreachta ar an gcuid eile de bhailiúchán na vásaí Síneacha.
Bhí an obair ullmhúcháin dheireanach don taispeántas Muraqqa' críochnaithe faoi cheann Aibreáin agus pacáladh agus cuireadh i mboscaí na 86 mhír lena n-iompar go dtí Gailearaí Sackler, Washington. Ba í Iníon Baldwin a rinne maoirseacht ar thuairisciú an deisreachta tosaigh, ar an bhfrámáil agus ar an ngléasadh sa Ghailearaí in éindí leis an Dochtúir Wright. D'fhill sí i mí Lúnasa leis an taispeántas a dhíshuiteáil agus arís lena dhíshuiteáil ag Institiúid na nEalaíon i Detroit i mí na Samhna. Leanadh ar aghaidh leis an suirbhé deisreachta ar an mbailiúchán Arabach a bhuíochas chúnamh taca deonach Nadja Delmonte agus Colleen Fitzgerald.
D'fhreastail an fhoireann chaomhantais ar chúrsaí oiliúna ar ábhair éagsúla lena n-áirítear Bainistiú Comhtháite Lotnaide, stair, úsáid agus airíonna lapis lazuli, monarú leabhar traidisiúnta Otamánach agus cóiriú dúch gáil iarainn. Chuir Iníon Smith agus Iníon Rose tionscadail chóireála dheireanacha i láthair ag comhdháil IPCRA an 12 Samhain i nDánlann Náisiúnta na hÉireann.
D'fhreastail Iníon Baldwin ar chruinnithe ghrúpa caomhantais CNCI agus iarradh uirthi suí ar phainéil agallaimh do scéim intéirneachta Chomhairle na hOidhreachta. Ceapadh Iníon Baldwin ina Stiúrthóir san Institiúiid um Chaomhnú Saothair Ealaíne Stairiúla in Éirinn (ICHAWI) agus lean sí ar aghaidh lena cuid oibre ar fhochoiste oiliúna na hInstitiúide agus ar choiste Chumann Caomhnóirí agus Athchóiritheoirí na hÉireann (IPCRA).
Bhí ról tábhachtach maidir le cúram na mbailiúchán ag Foireann na bhFreastalaithe go háirithe ag Albert Mason, James Curran agus John Madden san obair leanúnach a bhaineann le taispeántáin a ghléasadh agus a chur i mboscaí do na tionscadail. Bíonn obair thábhachtach le déanamh ag an Uasal Curran agus ag an Uasal Mason i gcónaí le linn gach suiteáil taispeántais.

## Teicniúil

I gcúrsa na tréimhse 2008, d'fheabhsaigh agus d'fhorbair Lorna Tracey, Bainisteoir Teicniúil, Bonneagar Theicneolaíocht Faisnéise na Leabharlainne ar bhonn leanúnach. Rinne sí imscrúdú ar fheabhsuithe i ngach réimse teicniúil a leithéidí feidhmiú, earraí crua, uasdátú/uasghrádú chórais, oiliúint, slándáil, doiciméadú, trealamh agus obair chothabhála.

Thug sí cúnamh taca ar bhonn leanúnach maidir le gach ceist TF ón fhoireann inmheánach, ó chuairteoirí ar an Leabharlann agus maidir le himeachtaí/léachtaí seachtracha lena n-áirítear an trealamh closamhairc a úsáideadh ar na hócáidí sin.

Thug Iníon Tracey faoina cúram na réimsí teicniúla a bhain le hoscailt an taispeántais, *Arts of the Book.* Rinne sí maoirseacht ar thionscadail, ar chur i bhfeidhm agus ar bhainistiú bhonneagar chóras TF na Leabharlainne. Rinneadh uasghrádú agus feabhsú ar chórais roinnt uaire le gurbh fhearrde feidhmíocht TF agus an dea-chleachtas iad. Bhí Iníon Tracey gafa le tionscadail éagsúla a leithéidí forbairt leanúnach an Tionscadail Dhigithe, closamharc, tionscadal bainistithe agus suiteála Córas Cláraithe Comhaid, turas ríomhthreorach agus imscrúduithe CMS. D'fhreastail Iníon Tracey ar an gComhdháil LIBER (Library Collection Security) a raibh Leabharlann na Breataine ina óstach uirthi i mí na Bealtaine, 2008 agus ar Shiompóisiam faoi Closturais sa Tate Modern i mí Mheán Fómhair 2008 chun feabhsuithe agus coincheapa todhchaíocha le haghaidh thurais chlosamhairc na Leabharlainne féin a imscrúdú.

## Comhaltas

I gcomhchomhairle leis an mBainisteoir Forbartha agus le Coiste an Chomhaltais leathnaigh agus d'fhorbair Mary Dowling, Comhordnóir Comhaltais, clár Comhaltais na Leabharlainne ar bhonn leanúnach. Cheap agus chomhordaigh Iníon Dowling réimse imeachtaí éagsúla agus suimiúla ar feadh na bliana agus ghlac Comhaltaí na Leabharlainne leo go fonnmhar. Ba é bhuaicphointe na bliana an turas cultúrtha go dtí Berlin i mí Iúil agus an fócas speisialta ar Rembrandt chun taispeántas Samhraidh na Leabharlainne a chomhlánú. Tugadh amharc príobháideach don ghrúpa sa Kupferstichkabinett ar baineadh an-taitneamh as agus ina theannta sin bhí cuairteanna ar institiúidí cultúrtha eile, turas lae go dtí Potsdam agus dinnéar sa Reichstag. Reáchtáladh Cóisir bhliantúil an tSamhraidh agus amharc príobháideach ar thaispeántas *Rembrandt* i mí an Mheithimh sular tugadh an chuairt ar Berlin.
Reáchtáladh turais aon lae in Éirinn lena n-áirítear turais go dtí Ollscoil na hÉireann, Má Nuad le breathnú ar Leabharlann Russell agus ina dhiaidh sin turais treoraithe go dtí Teach Carton agus Teach Castletown, eachtra go dtí Cumann Ríoga Bhaile Átha Cliath le haghaidh turas agus amharc príobháideach ar an taispeántas *RDS and the Linen Industry* agus ansin go dtí an Lárionad Cultúrtha Ioslamach i gCluain Sceach le haghaidh taispeántas agus ceardlann challagrafaíochta. Cheap Iníon Dowling imeachtaí nuálacha a leithéidí turas príobháideach go dtí Reilig Ghlas Naíon in éindí le Shane MacThomais, a chuimsigh cuairt ar uaigh Chester Beatty agus turas treoraithe timpeall Ghairdíní Dubh Linn i gCaisleán Bhaile Átha Cliath.
D'eagraigh Iníon Dowling freisin dhá imeacht i gcomhar leis an gCumann Éire Seapáin: léacht faoi litríocht na Seapáine le Barbara Geraghty, Ollscoil Luimnigh, agus díreach ina dhiaidh sin léiriú *koto* agus léiriú shearmanas thé na Seapáine móide caint ón údar Yasuyuki Ozeki agus ina dhiaidh sin arís fáiltiú sushi arna thacú ag Bridgestone. Ar imeachtaí eile a reáchtáladh sa Leabharlann do na Comhaltaí i 2008 bhí taispeántas príobháideach den scannán 'Russian Ark' in éindí leis an Ollamh Mikhail Piotrovsky, Stiúrthóir Iarsmalann na hOidhreachta, St Petersburg; imeacht blaiste bia Palaistínigh i gCaifé Bhóthar an tSíoda agus imeacht scéalaíochta do pháistí ar théama Fraincis, arna tacú ag Ambasáid na Fraince.
I suirbhé a rinneadh ar na Comhaltaí i 2008 thaispeáin sé go raibh siad an-sásta agus a bhuíochas an aiseolais luachmhair beifear ag déanamh forbairt bhreise ar chlár na gComhaltaí.

## Cearta agus Atáirgeadh

Ba bhliain ghnóthach í 2008 maidir le Cearta agus Atáirgeadh; aistríodh go córas grianghrafadóireachta dhigití agus aistríodh na cartlanna grianghrafadóireachta go dtí ionad eile.
Chrom Sinéad Ward ar phlean a dhréachtú le haghaidh dhigitiú an bhailiúcháin, maille le haistriú na n-íomhánna digiteacha atá ann faoi lather go dtí taisclann íomhá lárnach.

Mar chuid de phleananna na Leabharlainne maidir le digitiú, rinneadh taighde ar bhunachair shonraí oiriúnacha DAMS agus bhailiúcháin.
Fuarthas cúnamh ó OOP chun seomra grianghrafadóireachta lántiomnaithe a dhéanamh den spás atá ann faoi láthair, rud a cheadóidh cur chun cinn phleananna na Leabharlainne acmhainn íomhá digití a chruthú.
Rinneadh cuimse ghrianghrafadóireachta nua le haghaidh dhá chatalóg atá le foilsiú do bhailiúchán na mbuidéal snaoise agus don scrolla *Chōgonka*, agus le haghaidh athdhearadh na mbailiúchán digiteach freisin. Lean an Leabharlann léi ag digitiú na bpaipírí Mainicéacha, rud a chuidigh le tionscadail taighde acadúla.
Cuireadh tús le hobair thaiscéalaithe ghrianghrafadóireachta ar an gcoidéacs Kephalaia freisin.
Chuir an Leabharlann íomhánna chuig thionscadail acadúla agus tráchtála ar fud an domhain ar bhonn leanúnach.
Fuair iníon Ward cúnamh ó Frances Narkiewiczi 2008; is ise a chuir tús le hobair athchóirithe ar ghailearaí idirlínbhunaithe íomhá na Leabharlainne. Beidh roghanna breise cuardaigh, áiseanna zúmála agus níos mó deiseanna ag an lucht féachana chun idirghníomhaithe leis na saothair ar taispeáint sa ghailearaí íomhá nua-fhorbartha.
I gcúrsa 2008 rinne Iníon Ward ionadaíocht thar ceann na Leabharlainne ag comhdháil bhliantúil Chumann na nAcmhainní Amhairc i San Diego, agus ag comhdháil an tionscadail MILE i Londain freisin.

## Clár Deonach

Bhí ról suntasach ag an gClár Deonach sa Leabharlann i gcónaí. Ag deireadh na bliana bhí dhá Oibrí Dheonacha is tríocha ag glacadh páirt i ngach gné de ghníomhaíochtaí na Leabharlainne. Gníomhaíonn Oibrithe Deonacha mar Threoraithe Turais, mar Ionadaithe Seirbhíse Cuairteora, mar Chúntóirí Coimeádaithe agus Oideachais, mar Chúntóirí Comhaltais agus mar Chúntóirí Miondíola.
I 2008 rinne Treoraithe Deonacha Turais, 264 thuras lena n-áirítear turais phoiblí, turais speisialaithe, turais do pháistí i mbunscoileanna agus i scoileanna dara agus tríú leibhéal agus turais do dhaoine fásta nó don lucht scoir gníomhach.
D'fhonn Lá Idirnáisiúnta na nOibrithe Deonacha (5 Nollaig) a cheiliúradh tugadh cuireadh d'Oibrithe Deonacha chun teacht chuig Dhánlann Náisiúnta na hÉireann le gabháil ar thuras treoraithe an taispeántais *Northern Stars & Southern Lights – the Golden Age of Finnish Art 1870-1920***,** agus cuireadh chun bia agus dí ina dhiaidh.
D'fhreastail Oibrithe Deonacha ar sheisiúin oiliúna speisialaithe ar bhonn míosúil, arna n-eagrú ag an gComhordnóir Deonach. Ar théamaí na seisiún bhí: aithisc choimeádaithe ón Dochtúir Elaine Wright, ón Dochtúir Shane McCausland agus ó Charles Horton; aithisc chaomhantais ó Jessica Baldwin agus ó Kristine Rose; Ag déileáil le mic léinn ó bhunscoileanna agus ó iar-bhunscoileanna le Jenny Siung agus Justyna Chmielewska; ullmhúchán do thaispeántais shealadacha – *Artist's Proof* le Robert Russell; eachtra go dtí Dánlann Náisiúnta na hÉireann.
Tá ról an Chómhordnóra Deonaigh ag Justyna Chmielewska i gcónaí; ar na dualgais atá aici tá idirchaidreamh a dhéanamh leis na Coimeádaithe agus leis an gCeann Oideachais, seisiúin thráthrialta oiliúna agus oideachais a eagrú agus obair a dhéanamh ar thionscadail phobail.

## FOIREANN NA LEABHARLAINNE

**STIÚRTHÓIR:** Michael F. Ryan, MA, PhD, MRIA, FSA
**CEANNASAÍ na mBAILIÚCHÁN agus COIMEÁDAÍ, BAILIÚCHÁIN na hÁISE THOIR** Shane McCausland, MA, PhD
**CEANNASAÍ OIBRIÚCHÁIN:** Derval O'Carroll, MA
**COIMEÁDAÍ, BAILIÚCHÁIN AN IARTHAIR:** Charles Horton, MA, Diop. Staidéir Chartlainne
**COIMEÁDAÍ, BAILIÚCHÁIN IOSLAMACHA:** Elaine Wright, MA, M. Phil, D. Phil**LEABHARLANNAÍ TAGARTHA: CEANNASAÍ OIDEACHAIS:** Jenny Siung, MLitt, Ard-Dioplóma i Riarachán Ealaíon, Ard-Dioplóma in Oideachas Aosach agus Pobail
**BAINISTEOIR TEICNIÚIL:** Lorna Tracey, B.Sc.
**BAINISTEOIR AIRGEADAIS:** Vera Greif
**BAINISTEOIR CAOMHANTAIS:** Jessica Baldwin
**BAINISTEOIR FORBARTHA:** Paula Shalloo, BA
**CÚNTÓIR PEARSANTA DON STIÚRTHÓIR:** June Lattimore
**CÚNTÓIR SINSEARACH LEABHARLAINNE:** Olivia Lardner, BA, Diop.LIS; Hyder Abbas
**CÚNTÓIR RIARACHÁIN:** Sinéad Ward, MA, Ard-Dioplóma i Riarachán Ealaíon
**BAINISTEOIR SIOPA:** Antonella Barbati
**COMHORDNÓIR COMHALTAIS:** Mary Dowling
**COMHORDNÓIR IMEACHTA:** Lisa Fitzsimons, MA
**COMHORDNÓIR DEONACH:** Justyna Chmiewelska
**CÚNTÓIR COIMEÁDAITHE:** Laura Muldowney, MA
**CÚNTÓIR COIMEÁDAITHE:** Jill Unkel, BA., MS., M.Phil
**CÚNTÓIRÍ UM CHEARTA AGUS ATÁIRGEADH:** Catherine Yvard, Frances Narkiewicz

**Freastalaithe**
**PRÍOMHFHREASTALAÍ:** Anthony Hutchings
**FREASTALAITHE SINSEARACHA:** Albert Mason, Kevin Hackett
**FREASTALAITHE:** James Curran, John Madden, Joseph Doyle, Val Kavanagh, David Holmes-O'Byrne, Michael O'Neill, Tony Gallagher, Frank Hyland, Brendan Lynch, David Steele, Martin O'Leary
**CÚNTÓIRÍ COIMEÁDAITHE:** Lisa Lambert, Rie Mishima

**Oibrithe Deonacha**
**TREORAITHE TURAIS:** Cathriona Russell, Ciaran O'Leary, Delphine Kelly, Dorothy Dennis, Jack Fitzgerald, Janet Martin, Margaret Sheehy, Michael O'Connell, Patricia McCabe, Susan Dillon, Joan Barnewell, Nateghe Moane, Mary O'Riordan
**IONADAITHE SEIRBHÍS CHUAIRTEORA:** Brian O'Neill, Colleen Fitzgerald, Hiromi Anzai, Kurt Kullmann, Mairin Cullen, Margaret Brady, Mary Neville, Maura Fennell, Noel Gorman, Pilar Morero, Rita Sutton, Emlyn Cullen
**CÚNTÓIR COIMEÁDAITHE:** Nesta Butler
**CÚNTÓIR OIDEACHAIS:** Regina Fitzpatrick, Magali Briquet
**CÚNTÓIRÍ COMHALTAS:** Andrea Dodd, Mary McGrath
**CÚNTÓIRÍ SIOPA:** Nicola Dunne, Marta Przylucka

## CLÁR COMHARDAITHE
**31 Nollaig 2008**

| | 2008 | 2007 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Sócmhainní Seasta** | | |
| Sócmhainní seasta inláimhsithe | 2,110,357 | 1,771,243 |
| Infheistíochtaí | 1,032,739 | 1,337,130 |
| | 3,143,096 | 3,108,373 |
| **Sócmhainní reatha** | | |
| Stoic shiopa | 151,315 | 156,203 |
| Féichiúnaithe agus réamhíocaíochtaí | 31,813 | 26,487 |
| Cuntais taisce bhainc | 711,482 | 765,219 |
| Cuntais reatha bhainc | 264,864 | 138,518 |
| | 1,159,474 | 1,086,427 |
| **Dliteanais reatha** | | |
| Creidiúnaithe agus fabhruithe | (155,394) | (352,015) |
| **Sócmhainní reatha glana** | 1,004,080 | 734,412 |
| | **4,147,176** | **3,842,785** |
| **Cistí caipitil agus ioncaim** | | |
| Cistí caipitil | 302,030 | 302,030 |
| Cistí srianta | 2,246,580 | 1,984,923 |
| Cistí neamhshrianta | 665,827 | 267,702 |
| | 3,214,437 | 2,554,655 |
| **Ciste Forbartha** | 932,739 | 1,288,130 |
| | **4,147,176** | **3,842,785** |

**Iontaobhaithe**
An Dochtúir TP Hardiman
An tOllamh R Stalley

**Stiúrthóir/Leabharlannaí**
An Dochtúir Michael Ryan

## Aguisín

I mí Iúil 2008 thionscain an Leabharlann staidéar bliana ar chuairteoirí. Ba é TNS MRBI a d'eagraigh an taighde agus ba é príomhchúis a choimisiúnaithe tuiscint a fháil ar cérbh iad na cuairteoirí ar an Leabharlann agus príomhphointí teagmhála na gcuairteoirí agus an chaoi arbh fhearr na pointí sin a chur chun fónaimh a shainiú; tuiscint a fháil ar a éasca is atá sé an Leabharlann agus gnéithe éagsúla di a úsáid; arbh é céad chuairt an fhreagróra ar an Leabharlann nó an dtagann sé/sí go minic; a shástacht is atá an freagróir le saoráidí na Leabharlainne.

### Achoimre ar thorthaí an tsuirbhé ó mhí Iúil go Nollaig 2008

Tuairiscíonn triúr as gach ceathrar cuairteoirí (74%) gur eachtra ar fheabhas a bhí ann agus tá sin thar bheith dearfach. Tagann laghdú beag ar an ngrádú sin maidir le sástacht an fhreagróra leis an eachtra tríd is tríd ag an deireadh seachtaine agus i gcaitheamh míonna an tsamhraidh agus b'fhéidir gurb é an fáth leis sin go mbíonn an Leabharlann plódaithe ag na hamanna sin.

- Maidir le saoráidí bhíothas thar bheith dearfach – ar scála aon go dtí an deich tugadh 8 nó níos mó d'fhormhór na saoráidí.
- Is as Éirinn do thromlach na gcuairteoirí, 37%, is Meiriceánaigh agus Ceanadaigh 17% díobh agus is daoine a bhfuil cónaí orthu sa RA 12%. Bhí líon na ndaoine ó thar lár ábhairín níos mó i mí Dheireadh Fómhair-Nollaig ná mar bhí i mí Iúil-Meán Fómhair, d'ainneoin láidreacht an euro i gcomórtas leis an dollar agus leis an bpunt.
- Ó thaobh dhearcadh dhéimeagrafaic na haoise agus na hinscne de is beag difríocht a bhí le sonrú i measc cuairteoirí.
- Tagann níos mó ná 90% de na cuairteoirí áfach ó na haicmí sóisialta ABC1.
- • Is i leabhair threoraithe thurais agus in oifigí turasóireachta go príomha a fhaigheann cuairteoirí an chéad tuairisc faoin Leabharlann (50%). Is trí thuairisc ó bhéal a fhaigheann 26% de chuairteoirí amach go bhfuil an Leabharlann ann. Maidir le cuairteoirí ón tír seo, dar le tromlach na bhfreagróirí ba ó bhéal duine a tháinig an scéal agus bhí líon níos lú a dúirt gur chuala siad tuairisc den chéad uair ar an raidió nó ar an TV.
- Ní raibh aon deacracht ag 96% de na cuairteoirí a mbealach a dhéanamh chuig an Leabharlann. Na daoine a bhí deacrachtaí acu, ba mhinic a luaigh siad comharthaí taobh istigh agus taobh amuigh de Chaisleán Bhaile Átha Cliath mar phríomhchúis na deacrachta. Luaitear an fhadhb seo freisin nuair a cheistítear daoine faoi na feabhsuithe arbh fhearr leo go gcuirfí ar an Leabharlann.
- A luaithe is a bhíonn cuairteoirí laistigh den Leabharlann tuairiscíonn a bhformhór mór (98%) go bhfuil sé éasca a mbealach a dhéanamh thart timpeall.
- Maidir leis an bhfoireann agus a thoilteanaí is a bhí siad cúnamh a thabhairt bhí feabhas sna míonna Deireadh Fómhair go Nollaig 74% i gcomórtas leis na míonna ó Iúil go Meán Fómhir (64%); is dóigh gurb é an chúis leis níos mó ama a bheith ag an bhfoireann don chuairteoir nuair ba lú an trácht.
- Is d'fhonn na taispeántais a fheiceáil an príomhfáth go dtagann daoine go dtí an Leabharlann. Caitheann formhór na gcuairteoirí roinnt mhaith ama sa Leabharlann; bíonn nach mór 90% díobh ar chuairt inti ar feadh uair an chloig nó níos mó. Ba dhóichí ná a mhalairt go bhfanfadh cuairteoirí os cionn cúig bliana is caoga níos faide.
- Luadh taispeántas *Rembrandt* níos mó ná aon ní eile mar fháth cuairte ar an Leabharlann idir na míonna Iúil agus Meán Fómhair; dúirt duine as gach triúr gurb shin an fáth gur tháinig siad ar chuairt.

Is cuairteanna pleanáilte trí as gach ceithre chuairt ar an Leabharlann (76%). Dála na mban bhí sé de chlaonadh iontu níos mó ná b'amhlaidh i gcás na bhfear an chuairt a phleanáil roimh ré agus maidir leis an aos óg ba mhó a bhí sé de chlaonadh iontu cuairt a thabhairt ar ala na huaire.
Bhí cuairt tugtha ar an Leabharlann cheana ag duine as gach ceathair nó beagán níos mó. De na cuairteoirí a tháinig ó mhí Iúil go mí Mheán Fómhair bhí cuairt tugtha ar an Leabharlann gach sé mhí nó níos minice ag 40% acu. Bhí ardú ó 22% sna míonna Iúil go Meán Fómhair go 33% sna míonna Deireadh Fómhair go Nollaig ar na daoine a thug cuairt ar an Leabharlann gach trí mhí.

- Tugann níos mó ná a leath de na cuairteoirí cuairt ar Chaifé Bhóthar an tSíoda agus ar an siopa. Baineann cuairteoir as gach triúr áis as an tseirbhís a chuirtear ar fáil ag Deasca na Faisnéise. Bíonn ardú suntasach ó 3% i mí Dheireadh Fómhair go 21% i mí na Nollag ar chéatadán na gcuairteoirí a fhreastalaíonn ar léirithe. Bhí ardú ó 11% go 22% sa tréimhse chéanna ar na gcuairteoirí a dúirt gur bhain siad úsáid as an ríomhthreoir.